Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm
# Plean Feidhmithe

**Deireadh Fómhair 2024**

**Leathanach** **an Réamhrá**


1. Réamhrá 2

2. Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine 3

2.1 Réamhrá 3

2.2 Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine 3

3. Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine 5

3.1 Réamhrá 5

3.2 Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine 6

4. Feidhmiú 11

4.1 Feidhmiú a Éascú 11

4.2 Céim maidir le Tabhairt Faoi 12

4.3 Feidhmiú Leanúnach 14

4.4 Tuarascáil 14

Aguisín 1: Teimpléad na Céime maidir le Tabhairt Faoi 15

## 1. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Ceanglaíonn Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an riachtanas idirdhealú a dhíbirt, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, d'fhostaithe, d'úsáideoirí seirbhíse, do chomhaltaí agus dóibhsean a bhaineann leas as beartas ar fud a réimsí feidhme go léir[1].

Ní mór do chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi trí chéim chun éifeacht a thabhairt don Dualgas:

- Céim 1. Measúnú: Tabhairt faoi mheasúnú ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá i ndán do na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas agus atá ábhartha d'fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí, agus an measúnú sin a chur ar fáil go poiblí.
- Céim 2. Tabhairt Faoi: Na pleananna, na beartais agus na gníomhartha atá á nglacadh nó beartaithe a ghlacadh a shainaithint agus a chur in iúl chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh sa mheasúnú; agus
- Céim 3. Tuairisciú: Tuairisciú ar bhonn bliantúil a dhéanamh maidir leis na forbairtí agus an méid atá bainte amach ó thaobh an Dualgas a chur i bhfeidhm agus maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh sa mheasúnú.

Is iad na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas iadsan:

- atá cuimsithe faoi na naoi bhforas cosanta faoin reachtaíocht chomhionannais inscne (lena n-áirítear, léiriú inscne, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (lena n-áirítear, tuismitheoirí aonair agus cúramóirí), aois, míchumas (sainmhínithe go leathan chun na grúpaí mallachair go léir agus riochtaí sláinte áirithe a thabhairt san áireamh), gnéaschlaonadh, cine (lena n-áirítear, imircigh agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta), reiligiún, agus daoine den Lucht Siúil;
- atá cuimsithe ag an bhforas maidir le stádas socheacnamaíochta (go sonrach iadsan atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh nó a bhfuil bochtaineacht agus nó eisiamh á mbrath acu)[2].
- in idirmhíreanna na ndeich bhforas seo; agus
- sealbhóirí aonair ceart faoi na hionstraimí éagsúla maidir le cearta an duine atá ábhartha d'fheidhmeanna an chomhlachta poiblí.

Cuimsíonn feidhmeanna Chomhairle Cathrach na Gaillimhe: tithíocht; gnó agus an geilleagar; comhshaol; gníomhú ar son na haeráide; uisce; oidhreacht agus caomhnú;

[1] Alt 42, den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.
[2] Is iad seo na naoi bhforas faoin reachtaíocht chomhionannais in éineacht leis an 'deichiú foras' atá molta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina Threoir maidir le Dualgas 2019.

ealaín agus cultúr; leabharlanna; fóillíocht agus caitheamh aimsire; bóithre agus iompar; taisteal gníomhach agus iompar inbhuanaithe; pleanáil; acmhainní daonna; agus airgeadas.

Leanadh an treoir a bhí eisithe ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nuair a bhí an plean feidhmithe seo á fhorbairt[3]. Tabharfar éifeacht don phlean feidhmithe seo trí na pleananna gníomhaíochta bliantúla agus chun freastal ar tréimhse iomlán Plean Corparáideach 2025-2029.

## 2. Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine

### 2.1 Réamhrá

Léirítear agus dearbhaítear ár dtiomantas do chomhionannas agus do chearta an duine sa Ráiteas seo maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine agus cuireann an sé ar ár gcumas tabhairt faoinár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014[4].

Leagtar amach na luachanna sin a spreagann ár n-imní faoi chomhionannas agus faoi chearta an duine sa Ráiteas seo maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine agus sainmhínítear ann iad. Leagtar amach na himpleachtaí do gach aon cheann de na luachanna seo do thosaíochtaí agus do phróisis oibre ár n-eagraíochta i Ráiteas Tosaíochta agus i Ráiteas maidir le Próiseas, lena mbunaíonn:

- An Ráiteas Tosaíochta na himpleachtaí maidir le luach an athraithe atá á lorg againn chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine; agus
- An Ráiteas maidir le Próiseas na himpleachtaí don luach maidir leis an mbealach a n-oibrímid agus muid sa tóir ar an athrú sin.

Tá na ráitis seo dírithe go sonrach ar na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas.

Tá an Ráiteas seo maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine mar bhonn taca lenár gcur chuige i leith an Dualgais a chur i bhfeidhm, leis na luachanna mar atá sainmhínithe ag cur an chreata ar fáil don mheasúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, agus an ráiteas tosaíochta agus an ráiteas maidir le próiseas ag déanamh tagarmharcáil ar cháilíocht agus ar uaillmhian ár ngníomhaíochtaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine sin.

Baineann an Ráiteas seo maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine leas as Ráiteas Comhionannais agus Chearta an Duine CFPÁ Chathair na Gaillimhe agus tá sé comhleanúnach leis, ráiteas ar chuireamar lena fhorbairt. Feidhmíonn sé chun treallús a chur faoi fhócas soiléir, comhsheasmhach agus comhleanúnach ar chomhionannas agus ar chearta an duine inár gcuid oibríochtaí go léir ar fud ár gcuid feidhmeanna go léir.

### 2.2 Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine

Is iad seo a leanas na sé luach a spreagann ár n-imní faoi chomhionannas agus faoi chearta an duine:

| **Dínit** |
|---|

[3] Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019.
[4] Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

**Féinriar**
**Rannpháirtíocht**
**Cuimsiú**
**Ceartas Sóisialta**
**Ceartas Timpeallachta**

Is éard atá i gceist le Dínit cúram agus meas ar dhaoine. Tá glacadh le héagsúlacht agus cearta daoine a chosaint, a chur chun cinn agus comhlíonadh i gceist leis. Ciallaíonn sé a bheith ag obair le daoine ar bhealach atá neamhbhreithiúnach agus cothrom bunaithe ar chothromaíocht ó thaobh measa de.

> Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil eolas ag na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, ar a gcearta agus ina gcuireann siad a gcearta i bhfeidhm agus ina léirítear meas ar a n-éagsúlacht; agus ionad oibre a bhaint amach atá inrochtana agus ina bhfaigheann fostaithe iléagsúla sásamh ina gcuid oibre agus ina léirítear meas ar a n-éagsúlacht.
>
> Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach atá saor ó idirdhealú, ar bhealach trína léirítear meas ar chearta daonna agus atá réamhghníomhach ó thaobh éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bhfostaithe a thógáil san áireamh agus dul in oiriúint dóibh ar fud ár gcuid feidhmeanna go léir.

Is éard atá i gceist le Féinriar neamhspleáchas, féinchinntiúchán, rogha agus cur chuige ón mbonn aníos. Baineann sé lena bheith solúbtha ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag athrú agus atá ag teacht chun cinn agus riachtanais comhthéacsúla agus tacú le hacmhainneacht roghanna a dhéanamh agus a bheith bainteach le cinnteoireacht.

> Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil fíor-roghanna ag na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti chun go mbeidh siad ábalta an saol is mian leo a chaitheamh a chaitheamh, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas.
>
> Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a chuireann roghanna ar fáil agus a chumasaíonn roghanna ó thaobh éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bhfostaithe.

Is éard atá i gceist le Rannpháirtíocht rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht agus i bpróisis cuntasachta. Baineann sé leis an gceart cluas éisteachta a fháil agus dúshlán a thabhairt. Áirítear leis sin díospóireacht oscailte maidir le físeanna comhroinnte a thógáil ina mbeidh spásanna d'éagsúlacht agus do chomhréiteach.

> Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, cumhachtaithe agus go bhfuil rochtain acu ar ardáin agus ar phróisis institiúideacha ar mhaithe le rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht, ar cinnteoireacht í a imríonn tionchar orthu; agus ionad oibre a bhaint amach ina mothaíonn na fostaithe iléagsúla cumhachtaithe as an gcion a dhéanann siad.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach ina nglactar daoine agus na pobail iléagsúla a bhfuil an Chomhairle ag freastal orthu san áireamh ag an gcéim is luaithe i bhforbairt beartais agus cláir, go nglactar a gcuid tuairimí san áireamh, agus go bhfuil siad á gcumasú lena bheith rannpháirteach le heolas leordhóthanach agus le próisis inrochtana.

Is éard atá i gceist le cuimsiú ná glacadh leis an gceart atá ag daoine, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste agus atá scoite amach, páirt a ghlacadh agus a cuidiú leo a bheith páirteach.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina mbraitheann na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta sa Dualgas, go bhfuil siad páirteach agus rannpháirteach i ngach gné de shaol an phobail.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a chuireann forbairt pobail chun cinn, a chumasaíonn agus a thacaíonn léi ar mhaithe le leasa pobail, áite agus féiniúlachta.

Is éard atá i gceist le Ceartas Sóisialta trédhearcacht agus cothroime ó thaobh acmhainní geilleagracha, oideachais, cultúir agus eile a dháileadh. Baineann sé le cur chuige spriocdhírithe réamhghníomhach ó thaobh tacú leosan atá i mbaol na héagóra.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil rochtain ag na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin  Dualgas, ar fhostaíocht, oideachas, scileanna oiliúna, foghlaim ar feadh an tsaoil, ioncam leordhóthanach agus ar riarachán poiblí atá éifeachtach.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a dhíríonn go réamhghníomhach agus go dearfach orthusan atá i mbaol neamhionannais ó thaobh ár soláthar acmhainní agus tacaíochtaí; agus a chumasaíonn éagsúlacht na bhfostaithe dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha beatha.

Is éard atá i gceist le Ceartas Timpeallachta an ceart chun timpeallacht atá glan, sábháilte agus inbhuanaithe a aithint don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht. Baineann sé le himní maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar a bheidh aige, go háirithe ar ghrúpaí agus ar phobail imeallaithe.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, ag maireachtáil i bpobail inbhuanaithe.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a léiríonn agus a chuireann ionad oibre inbhuanaithe chun cinn, a bhfuil caighdeáin arda timpeallachta agus soláthar glas i gceist leis.

## 3. Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine

### 3.1 Réamhrá

Ceanglaíonn dualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine, Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ar chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi mheasúnú ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine do na grúpaí sainaitheanta a chuimsítear faoin Dualgas agus atá ábhartha dá bhfeidhmeanna.

D'fhéadfadh baint a bheith ag na saincheisteanna seo le:

- Cás an ghrúpa i dtéarmaí a rochtain ar acmhainní agus aon mhíbhuntáiste áirithe atá á bhrath acu.
- Taithí an ghrúpa i dtéarmaí cáilíocht a n-idirghníomhaíocht le fostóirí agus le soláthróirí seirbhíse agus leis an tsochaí níos leithne.
- Aitheantas an ghrúpa maidir leis an mbealach a roghnaíonn siad a n-aitheantas a léiriú agus na riachtanais shonracha a eascraíonn as a n-aitheantas.

Tá an measúnú seo comhdhéanta de na sé luach ar ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe leo chun feidhmiú an Dualgais a chur chun cinn.

Cuireadh an measúnú seo le chéile ó bhonn fianaise taighde de thuarascálacha reatha maidir le comhionannas agus cearta an duine. Tá an bonn fianaise seo curtha ar fáil in aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo, ina n-aithnítear na foinsí ar baineadh úsáid astu agus na príomhshonraí ábhartha ó gach aon cheann acu.

Cuireadh an bonn fianaise le chéile ar bhealach rannpháirtíoch le cuidiú ón bhfoghrúpa maidir le cuimsiú sóisialta CFPÁ Chathair na Gaillimhe.

Tugadh faoi ag teacht leis an treoir atá eisithe ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.[5]

### 3.2 Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine

*Baineann na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine atá aitheanta thíos leis na grúpaí sainaitheanta go léir mura gcuirtear a mhalairt in iúl.*

### Dínit

*Is éard atá i gceist le dínit cúram agus meas ar dhaoine. Tá glacadh le héagsúlacht agus cearta daoine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh i gceist leis. Ciallaíonn sé a bheith ag obair le daoine ar bhealach atá neamhbhreithiúnach agus cothrom bunaithe ar chothromaíocht ó thaobh measa de.*

Bhain na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, leis an luach seo agus tá siad ábhartha don PÁEP, agus is iad sin:

Idirdhealú, go haonar agus go córasach araon, ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:

- Leibhéil arda idirdhealaithe ag an obair, i dtaobh obair a rochtain agus i dtaobh seirbhísí a rochtain agus a bheith rannpháirteach iontu.
- Idirdhealú córasach i dtéarmaí ciníochais, aoiseachas, homafóibe, trasfhóibe, gnéasachais, leithcheal i leith daoine faoi mhíchumas, seicteachas agus aicmeachas.
- Foréigean agus ciapadh ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:

[5] Tool for an Evidence-Based Assessment of Equality and Human Rights Issues, IHREC, 2020.

- Foréigean Inscnebhunaithe, lena n-áirítear, foréigean gnéis agus baile agus easpa soláthar tacaíochta leordhóthanach agus cuí.
    - Mí-úsáid daoine breacaosta.
    - Ciapadh agus gnéaschiapadh ag an obair, i soláthar seirbhíse agus in áiteanna poiblí.
    - Bulaíocht, le haird faoi leith ar dhaoine óga.
    - Easpa sábháilteachta agus mothúcháin neamhshláine agus ag mothú nach bhfuil fáilte romhat, lena n-áirítear, spásanna poiblí, go háirithe ó thaobh na mban, daoine breacaosta agus lucht LADT.
- Steiréitíopáil, bacainní ó thaobh dearcaidh, mífhaisnéis agus tuairimí bréagacha a dhéanann beag is fiú d'ionchais, a chuireann teorainn ar thuiscint, rannpháirtíocht dhrochmheasúil a mbíonn droch-chinnteoireacht mar thoradh air.
- Easpa ó thaobh feidhmiú go stuama chun aghaidh a thabhairt ar thaithí daoine ar an idirdhealú agus cúiteamh éifeachtach a chinntiú ar fud na bhforas, lena n-áirítear:
    - Tearcthuairisciú ar idirdhealú ar eagla na híospartha, easpa eolais agus an tuairim nach féidir athrú a dhéanamh.
    - Easpa nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus chun dul i ngleic le hidirdhealú, gnéaschiapadh, lena n-áirítear, ag an obair agus i soláthar seirbhíse.
    - Easpa feasachta ar an idirdhealú, easpa tuisceana maidir leis an gcaoi le freagairt don idirdhealú agus easpa oiliúna chun eolas agus scileanna a fhorbairt ar mhaithe le rannpháirtíocht éifeachtach bainisteoirí agus foirne maidir leis na saincheisteanna seo san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse.

**Féinriar**

*Baineann féinriar le neamhspleáchas, féinchinntiúchán, rogha agus le cur chuige ón mbonn aníos. Baineann sé lena bheith solúbtha ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag athrú agus atá ag teacht chun cinn agus riachtanais comhthéacsúla agus tacú le cumas roghanna a dhéanamh agus a bheith bainteach le cinnteoireacht.*

Bhain na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, leis an luach seo agus tá siad ábhartha don PÁEP, agus is iad sin:

- Easpa roghanna á gcur ar fáil ó thaobh roghanna cearta agus eolasacha a chumasú, atá saor ó cheadú, do dhaoine agus do phobail ar fud na ngrúpaí sainaitheanta.
- Easpa féinriar agus cinntí á ndéanamh ag an duine féin, lena n-áirítear:
    - Spleáchas, le haird faoi leith ar spleáchas geilleagrach mar gheall ar róil inscneacha, costas breise míchumais agus easpa acmhainní neamhspleácha a bheith ar fáil do dhaoine óga (de réir inniúlachta) agus do dhaoine breacaosta.
    - Easpa eolais maidir le próisis chinnteoireachta do dhaoine faoi mhíchumas agus easpa tacaíochta ina leith.
    - An critéar a ghabhann le seirbhísí agus easpa iontaobhais agus luachála ó thaobh cinntí na ndaoine atá ag brath ar thacaíochtaí dífhostaíochta.
    - Easpa tacaíochtaí chun roghanna eolasacha a chumasú.
- Socruithe a chuireann teorainn ar ghníomhú agus ar rogha amhail:
    - Láithreacha comhchónaithe ó thaobh soláthar cúraim do dhaoine faoi mhíchumas, le heaspa tacaíochtaí do mhaireachtáil neamhspleách.
    - Cúram cónaithe do dhaoine breacaosta, le heaspa seirbhísí ar fáil dóibh chun fanacht ina dtithe féin.

- Láithreacha maidir le soláthar díreach do dhídeanaithe agus do lucht iarrtha tearmainn agus easpa soláthar chun a rannpháirtíocht a chumasú.

- Bacainní ó thaobh ionracas cultúir, bacainní ar fáil a bheith ar an gcultúr agus ar an gcultúr a chur in iúl, le haird faoi leith ar phobail Dhubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear, pobal an Lucht Siúil.

**Rannpháirtíocht**

*Is éard atá i gceist le Rannpháirtíocht rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht agus i bpróisis cuntasachta. Baineann rannpháirtíocht leis an gceart cluas éisteachta a fháil agus dúshlán a thabhairt. Baineann rannpháirtíocht le díospóireacht oscailte ó thaobh cur le físeanna comhroinnte le spás do dhifríochtaí agus do chomhréiteach.*

Bhain na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, leis an luach seo agus tá siad ábhartha don PÁEP, agus is iad sin:

- Easpa gutha agus ardáin le tionchar a bheith acu ar chinnteoireacht ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Easpa meicníochtaí leordhóthanacha agus cuí chun rannpháirtíocht i bpleanáil agus i gceapadh beartais a chumasú agus a éascú.
  - Easpa ionadaíochta ó na grúpaí sainaitheanta agus easpa cothromaíocht inscne ar struchtúir agus ar choistí eagraíochta.
  - Easpa aiseolais ar chásanna a cuireadh chun cinn de bhun comhairliúcháin nó rannpháirtíochta.
- Easpa tionchair leordhóthanach le tionchar a bheith acu ar chinnteoireacht ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Easpa acmhainní do ghrúpaí sainaitheanta ar bhealach comhchoiteann.
  - Easpa rannpháirtíochta fhiúntach le grúpaí sainaitheanta agus aitheantas cothrom i leith ionchur na ngrúpaí sainaitheanta.
  - Easpa cumais ar gach taobh a bheith rannpháirteach mar chomhpháirtithe i meicníochtaí cinnteoireachta.
- Easpa gutha agus meicníochtaí chun cluas éisteachta a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí agus d'fhostaithe ar fud na ngrúpaí sainaitheanta.

**Cuimsiú**

*Is éard atá i gceist le cuimsiú ná glacadh leis an gceart atá ag daoine, go háirithe iadsan atá faoi mhíbhuntáiste agus atá scoite amach, páirt a ghlacadh agus a cuidiú leo a bheith páirteach.*

Bhain na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, leis an luach seo agus tá siad ábhartha don PÁEP, agus is iad sin:

- Easpa dearadh uilíoch, solúbthachta agus oiriúnuithe chun freastal ar riachtanais éagsúla agus sonracha ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Timpeallachtaí neamh-inrochtana, lena n-áirítear, foirgnimh, ionaid oibre, áiteanna ina bhfuil fáil ar sheirbhísí agus spásanna poiblí le haird faoi leith ar dhaoine faoi mhíchumas.
  - Ionaid oibre neamh-oiriúnaitheacha nach gcuireann cóiríocht ar fáil d'impleachtaí praiticiúla éagsúlachta na ngrúpaí sainaitheanta go léir, le haird faoi leith ar dhaoine

    faoi mhíchumas, mionlaigh Dubha agus eitneacha, lena n-áirítear, an Lucht Súil, tuismitheoirí agus cúramóirí, daoine breacaosta agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu.
  - Dolúbthacht i agus seirbhísí neamh-oiriúnaitheacha nach gcuireann cóiríocht ar fáil d'impleachtaí praiticiúla éagsúlachta na ngrúpaí sainaitheanta go léir, le haird faoi leith ar dhaoine faoi mhíchumas, mionlaigh Dubha agus eitneacha, lena n-áirítear, an Lucht Súil, tuismitheoirí agus cúramóirí, daoine breacaosta agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu.
- Cumarsáid neamh-inrochtana agus gan dul in oiriúint do riachtanais cumarsáide na ngrúpaí sainaitheanta go léir, lena n-áirítear:
  - Easpa aistriúcháin agus léirmhínithe don éagsúlacht teangacha.
  - Easpa léirmhínithe TCÉ (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann).
  - Cliseadh bacainní litearthachta a ghlacadh san áireamh.
- Dofheictheacht ó thaobh na héagsúlachta de agus easpa cumais freagairt don éagsúlacht agus a himpleachtaí praiticiúla do na grúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Aitheantas duine a chur faoi cheilt mar gheall ar eagla aitheantas a nochtadh le haird faoi leith orthu siúd atá ag aistriú inscne ag an obair, daoine LADT+, daoine le míchumas atá faoi cheilt, Romaigh agus an Lucht Siúil.
  - Easpa sonraí comhionannais agus cumas teoranta sonraí den sórt sin a bhailiú go héifeachtach agus go cuí.
  - Easpa seasamh a ghlacadh chun cur le agus cothabháil a dhéanamh ar phobail éagsúla ionchuimsitheacha agus comhtháite, ag tabhairt aghaidh ar easaontas sna pobail.
- Easpa tuisceana maidir le agus an cumas freagairt don éagsúlacht agus a himpleachtaí praiticiúla do na grúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear, maidir le trasnachas agus riachtanais shonracha na ndaoine siúd ag pointí trasnaithe na ngrúpaí sainaitheanta.

**Ceartas Sóisialta**

*Is éard atá i gceist le Ceartas Sóisialta trédhearcacht agus cothroime ó thaobh acmhainní geilleagracha, oideachais, cultúir agus eile a dháileadh. Baineann sé le cur chuige spriocdhírithe réamhghníomhach ó thaobh tacú leo siúd atá i mbaol na héagóra.*

Bhain na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, leis an luach seo agus tá siad ábhartha don PÁEP, agus is iad sin:

- Bochtaineacht ar fud na bhforas sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Saincheisteanna maidir le bochtaineacht sheasmhach agus a bheith i mbaol na bochtaineachta ar fhoras an stádais shocheacnamaíoch.
  - Ioncam uireasach agus díothacht, le haird faoi leith ar fhoras stádas shocheacnamaíoch an Lucht Siúil agus na Romach.
  - Costas breise maireachtála do dhaoine atá faoi mhíchumas.
  - Costas maireachtála atá ag ardú.
- Neamhionannas fostaíochta agus bacainní i leith na fostaíochta ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Leibhéil arda dífhostaíochta agus leibhéil ísle fostaíochta, le haird faoi leith ar an Lucht Siúil, na Romaigh, daoine faoi mhíchumas, agus ar fhoras an stádais shocheacnamaíoch.

- Tearcfhostaíocht, le haird faoi leith ar dhaoine Dubha agus ar mhionlaigh eithneacha mar gheall as easpa aitheantais do cháilíochtaí nó do thaithí.
  - Easpa ionadaíochta i bpoist bhainistíochta agus ceannaireachta, le bacainní i leith dul chun cinn gairme, le haird faoi leith ar mhná, daoine faoi mhíchumas agus ar fhoras an stádais shocheacnamaíoch.
  - Bearnaí pá, lena n-áirítear, an bhearna phá idir na fir agus na mná.
- Díothacht agus míbhuntáiste ó thaobh na tithíochta de, lena n-áirítear:
  - Easpa tithíocht shóisialta chur freastal ar riachtanais na ngrúpaí sainaitheanta, le haird faoi leith ar fhoras an stádais shocheacnamaíoch.
  - Easpa dídine, róphlódú agus baol easpa dídine, le haird faoi leith ar dhaoine Dubha agus ar mhionlaigh eithneacha, lena n-áirítear, an Lucht Siúil, na Romaigh, foras an stádais shocheacnamaíoch, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, daoine óga agus lucht LADT+.
  - Droch-choinníollacha tithíochta do na grúpaí sainaitheanta, le haird faoi leith ar thuismitheoirí aonair, ar dhaoine óga, ar dhaoine Dubha agus ar mhionlaigh eithneacha, lena n-áirítear, an Lucht Siúil, na Romaigh, daoine breacaosta agus foras an stádais shocheacnamaíoch.
  - Éiginnteacht tithíochta do na grúpaí sainaitheanta, le haird faoi leith ar dhaoine breacaosta agus ar fhoras an stádais shocheacnamaíoch.
  - Soláthar tithíochta nach bhfreastalaíonn ar na riachtanais atá sonrach do na grúpaí sainaitheanta, le haird faoi leith ar thithíocht inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, cóiríocht atá cultúrtha go cuí don Lucht Siúil agus tithíocht atá aoisoiriúnach do dhaoine breacaosta.
  - Timpeallachtaí pobail atá i ngá le hathnuachan.
  - Easpa saoráidí agus bonneagar pobail, lena n-áirítear, clubanna óige agus áiteanna súgartha.
  - Easpa tuisceana i leith agus freagairt do riachtanais pobail inbhuanaithe.
- Míbhuntáiste digiteach ar fud na ngrúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear:
  - Easpa rochtana ar bhonneagar agus ar nascacht.
  - Easpa trealaimh agus easpa scileanna.
  - Láithreáin ghréasáin neamh-inrochtana.
- Bacainní i leith rannpháirtíochta sna healaíona atá á mbrath ag na grúpaí sainaitheanta.
- Easpa gníomh dearfach chun míbhuntáiste agus neamhionannas a chur ina gceart ar fud na ngrúpaí aitheanta.

**Ceartas Timpeallachta**

*Is éard atá i gceist le Ceartas Timpeallachta an ceart chun timpeallacht atá glan, sábháilte agus inbhuanaithe a aithint don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht. Baineann sé le himní maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar a bheidh aige, go háirithe ar ghrúpaí agus ar phobail imeallaithe.*

Bhain na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, leis an luach seo agus tá siad ábhartha don PÁEP, agus is iad sin:

- Dáileadh neamhchothrom tionchair maidir le cur isteach ó thaobh na haeráide agus an truaillithe de agus easpa fócais ar an aistriú cóir.
- Easpa cuimsithe i ndeiseanna oiriúnaithe agus i ndeiseanna nua fostaíochta.

- Tearcrochtain fuinnimh mar gheall ar chostas fuinnimh, leibhéil ísle ioncaim teaghlaigh agus easpa éifeachtúlachta fuinnimh an tí cónaithe, le haird faoi leith ar an Lucht Siúil, daoine breacaosta agus ar fhoras an stádais shocheacnamaíoch.
- Easpa rochtana chuig an nádúr, spásanna oscailte poiblí agus ar shúgradh i spásanna poiblí.
- Easpa aird ar an aistriú cóir i gcomhthéacs cur isteach aeráide.

# 4. Feidhmiú

## 4.1 Feidhmiú a Éascú

### Ceannaireacht

Soláthraíonn an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an cheannaireacht don chomhionannas agus do chearta an duine. Tá an fhoireann bainistíochta sinsearaí eolach ar an Dualgas agus ar a cheanglais; ceadaíonn siad pleananna bliantúla maidir lena chur i bhfeidhm; agus cinntíonn gurbh é seo an fócas le roinnt tosaíochta in obair leanúnach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, le hacmhainní leordhóthanacha á leithdháileadh do chur i bhfeidhm an Dualgais. Bhí comhionannas agus cearta an duine mar fhreagracht i gcónaí ar na Stiúrthóireachtaí go léir agus leanfaidh siad ar aghaidh ar an mbealach sin.

Éascaíonn an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Pobail agus Cultúir cur chuige comhtháiteach agus comhsheasmhach i leith fheidhmiú leanúnach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar fud na Stiúrthóireachtaí go léir. Coinníonn sé an dul chun cinn ar fheidhmiú an Dualgais faoi athbhreithniú leanúnach. Sanntar freagracht an róil seo ar bhainisteoir.

Tionólann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Pobail agus Cultúir líonra seaimpíní faoin Dualgas ar bhonn ráithiúil, agus bíonn rannpháirtí ó gach aon Stiúrthóireacht páirteach ann. Maidir leis an líonra:

- bunaítear leis na príomhphointí sin in obair na heagraíochta i gcur i bhfeidhm an Dualgais agus ullmhaítear plean bliantúil bunaithe orthu sin;
- rianaíonn agus tacaíonn sé le cur i bhfeidhm an plean bliantúil ag na Stiúrthóireachtaí ábhartha;
- baineann as agus cuireann in iúl an fhoghlaim leanúnach ó fheidhmiú an Dualgais;
- cinntíonn go ndéantar spreagadh ar aon tacaíocht sheachtrach, oiliúint agus meantóireacht ar mhaithe lena bheith mar bhonn taca lenár n-acmhainn an Dualgas a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach; agus
- ullmhaíonn tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta i gcur i bhfeidhm an Dualgais agus ó thaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine.

### Tuiscint agus Oiliúint

Cuirtear deiseanna tráthúla ar fáil don fhoireann ar fud na Stiúrthóireachtaí ar bhonn leanúnach chun tuiscint a fháil ar an Dualgas agus ar chur chuige Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i leith cur i bhfeidhm an Dualgais, mar atá leagtha amach sa phlean feidhmithe seo.

Cuirtear oiliúint ar fáil don fhoireann laistigh de na Stiúrthóireachtaí atá freagrach as an gcéim Dul i nGleic den Dualgas, nuair atáthar ag forbairt nó i mbun athbhreithnithe ar

phlean, straitéis, beartas nó chlár, mar atá riachtanas ó thaobh an plean feidhmithe agus feidhmiú na céime Dul i nGleic.

**Cumarsáid**

Beidh na luachanna atá sa Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine mar fhócas do rannpháirtíocht agus do chumarsáid leanúnach ar fud na heagraíochta. Cinnteoidh sé seo go mbeidh an ráiteas seo mar dhoiciméad beo agus go bhfuil na luachanna lárnach dár gcultúr eagraíochta. Bainfear amach é sin trí:

- Na luachanna seo a bhunú mar phríomh-mhír sa tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta.
- Lena n-áirítear, fócas leanúnach ar na luachanna i nuachtlitir na foirne.
- Fócas ar na luachanna a shníomh isteach i gclár bliantúil 'Lón & Foghlaim' na foirne.
- Lena n-áirítear, an ráiteas sa lámhleabhar foirne agus fócas a chur air san ionduchtú foirne.
- Nóiméid mhachnaimh a chruthú laistigh de na deiseanna oiliúna agus forbartha don fhoireann i ndáil leis na luachanna seo agus a n-impleachtaí ar an obair.
- Deiseanna a thapú de réir mar a thagann siad chun cinn leis na luachanna seo agus a n-impleachtaí a chur in iúl do chustaiméirí agus don fhoireann.

Beidh eolas maidir leis an Dualgas sna córais chumarsáide inmheánacha agus a impleachtaí ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, a léireoidh an méid atá bainte amach i gcur i bhfeidhm an Dualgais.

Beidh na príomhdhoiciméid atá mar threallús le feidhmiú leanúnach an Dualgais ar an láithreán gréasáin agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.

**4.2 Céim maidir le Tabhairt Faoi**

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, faoi chéim maidir le Tabhairt Faoi den Dualgas, aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh ina gcuid measúnuithe ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá i ndán do na grúpaí sainaitheanta, ar bhealach leanúnach ina gcuid pleananna, beartais, cláir agus straitéisí.

Cuirtear an chéim maidir le Tabhairt Faoi i bhfeidhm mar chuid lárnach d'fhorbairt agus d'athbhreithniú pleananna, beartais, cláir agus straitéisí. Is ionann é seo, i ndáiríre, agus próiseas do mheasúnú tionchair maidir le comhionannas agus cearta an duine. Baineann Comhairle Cathrach na Gaillimhe úsáid as an teimpléad in aguisín a haon den phlean feidhmithe seo agus iad ag tabhairt faoi seo.

Is faoi stiúir Stiúrthóireachta a bheidh ár gcur chuige i leith feidhmiú an Dualgais. Tá an Stiúrthóireacht freagrach as an gcéim maidir le Tabhairt Faoi a chur i bhfeidhm, le tacaíocht de réir mar is gá ón nó tríd an líonra seaimpíní faoin Dualgas.

Glactar gníomh ag tús an próiseas forbartha/athbhreithnithe chun:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine chun na saincheisteanna sin a bhaineann le plean, beartas, clár nó straitéis áirithe a fháil amach. I bhfíor-chorrchás nuair a fhaightear amach nach bhfuil aon saincheisteanna den sórt sin ábhartha, ní bhíonn gá le haon ghníomh eile agus déantar taifead de sin sa phlean, beartas, clár nó straitéis lena léiriú gur tugadh faoi bhreithniú den chineál sin. Go minic, soláthraíonn an t-athbhreithniú seo measúnú saincheaptha maidir le saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine lena n-

úsáid in athbhreithniú nó i bhforbairt plean, beartas, clár nó straitéis. D'fhéadfadh saincheisteanna eile a bheith san áireamh freisin ag an bpointe seo chun nádúr agus cuspóir sonrach an plean, an bheartais, an chláir nó na straitéise a mheaitseáil.

- Na sonraí agus an t-eolas atá ar fáil maidir leis na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a aithníodh mar a bheith ábhartha a bhailiú, d'fhéadfadh an leabhar fianaise don mheasúnú a bheith mar chúnamh sa chás seo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ráiteas maidir le luachanna comhionannais agus cearta an duine chun na ráitis tosaíochta nó ráitis maidir le próiseas a bhaineann leis an bplean, beartas, clár nó straitéis a fháil astu.

Glactar gníomh ag tús an phróisis forbartha/athbhreithnithe chun:

- Fócas ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha a chur san áireamh in aon mheasúnú nó athbhreithniú comhthéacsúil ar tugadh fúthu mar chuid den phróiseas forbartha nó athbhreithnithe.
- Na hoibleagáidí faoin Dualgas a chur ar aghaidh chuig aon chomhairleoirí seachtracha a fhostaítear don phróiseas agus a chinntiú go bhfuil siad curtha ar an eolas go hiomlán maidir leis sin.
- Na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha a rianú lena chinntiú go dtugtar aghaidh orthu agus go ndéantar tagarmharcáil ar na luachanna lena chinntiú go bhfuil siad á n-urramú le linn an phróisis forbartha nó athbhreithnithe.

Glactar gníomh ag céim an dréachta deiridh den phróiseas forbartha/athbhreithnithe chun:

- Cruinniú den fhoireann ábhartha a thionóil lena sheiceáil go dtugann an dréacht aghaidh go leordhóthanach agus go cuí ar gach aon cheann de na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a aithníodh a bheith ábhartha don phlean, don bheartas, don chlár nó don straitéis agus go bhfuil an dréacht ag teacht leis na ráitis ábhartha maidir le torthaí agus próiseas sa ráiteas maidir le luachanna comhionannais agus cearta an duine. Tá an teimpléad in aguisín a haon den phlean feidhmithe seo tugtha chun críche ag an bpointe seo.
- Cleachtadh rannpháirtíochta a dhéanamh, do thionscnaimh scála, leis an líonra seaimpíní faoin Dualgas agus, b'fhéidir, a sheiceáil le hionadaithe na ngrúpaí sainaitheanta go bhfuil na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine sainaitheanta go leordhóthanach agus go cuí agus go bhfuil aghaidh tugtha orthu sa dréacht.

Glactar gníomh tar éis an phróisis forbartha/athbhreithnithe:

- Chun córais mhonatóireachta a bhunú agus/nó na córais atá ann cheana féin a úsáid chun dul chun cinn a rianú maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh mar a bheith ábhartha.
- Chun tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn atá déanta i gcur i bhfeidhm an Dualgais agus ar an méid atá bainte amach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine – an chéim Tuairiscithe den Dualgas.
- Chun úsáid a bhaint ar an tuarascáil bhliantúil seo chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn seo ar mhaithe leis na nósanna imeachta leis an Dualgas a chur i bhfeidhm a neartú de réir mar is gá, agus machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach chun an plean, beartas, clár nó straitéis a neartú de réir mar is gá.

### 4.3 Feidhmiú Leanúnach

Tá Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe bunúsach d'fheidhmiú leanúnach an Dualgais. Áiríonn sé nasc chuig an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus chuig an bplean feidhmithe don Dualgas. Áiríonn sé forálacha chun treallús a chur faoi ghníomh leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine sin.

Áiríonn na pleananna seachadta seirbhíse bliantúla céimeanna chun feidhmiú leanúnach an Dualgais a chur chun cinn. Tá clibeáil déanta ar na tiomantais sna pleananna seirbhíse seo atá le bheith mar fhócas i gcur i bhfeidhm na céime maidir le Tabhairt Faoi den Dualgas. Áireoidh siad gníomhartha sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine sonracha seo de réir mar is cuí. Déanfar tuairisciú sa tuarascáil ráithiúil ar an bPlean Bliantúil Seachadta Seirbhíse ar an dul chun cinn atá déanta.

Gach bliain, aithneoidh na Stiúrthóireachtaí na príomhphointí i gcur i bhfeidhm na céime maidir le Tabhairt Faoi as a bpleananna bliantúla seachadta seirbhíse, i dtéarmaí na bpróiseas forbartha agus athbhreithnithe do bheartais, pleananna, straitéisí agus cláir. Cuirtear na príomhphointí seo in iúl do líonra na seaimpíní don Dualgas lena gcur san áireamh sa phlean bliantúil don Dualgas.

Áiríonn na príomhphointí seo a leanas ach níl siad teoranta do d'fhorbairt agus d'athbhreithniú:

- Straitéisí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear, i réimsí ar nós tithíocht, leabharlanna, spórt, na healaíona, aoisbháúil, forbairt pobail agus forbairt gheilleagrach áitiúil srl.
- Beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, lena n-áirítear, i réimsí ar nós acmhainní daonna, seirbhís do chustaiméirí, nósanna imeachta agus buan-orduithe na comhairle, téarmaí tagartha do choistí srl.
- Córais soláthair, agus súil leis an Dualgas a chur ar aghaidh chuig conraitheoirí, ar bhealach a léiríonn a scála agus a gcuid feidhmeanna.
- Cúnamh deontais nó córais mhaoinithe agus súil leis an Dualgas a chur ar aghaidh chuig tairbhithe, ar bhealach a léiríonn a scála agus a gcuid feidhmeanna.

### 4.4 Tuarascáil

Áiríodh Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta i gcur i bhfeidhm an Dualgais agus ar an méid atá bainte amach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, bunaithe ar an tuarascáil atá ullmhaithe ag an líonra seaimpíní don Dualgas.

Eagróidh an líonra seaimpíní don Dualgas nó tacóidh siad le próiseas machnaimh ar an tuarascáil seo ag súil le: aitheantas a thabhairt don mhéid atá bainte amach; an próiseas do chur i bhfeidhm an Dualgais a neartú, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, de réir mar is gá.

## Aguisín a hAon Teimpléad na Céime maidir le Tabhairt Faoi

**Cuspóir an phlean, na straitéise, an bheartais nó an chláir**

| |
|---|
| |

Is éard atá i gceist le Dínit cúram agus meas ar dhaoine. Tá glacadh le héagsúlacht agus cearta daoine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh i gceist leis. Ciallaíonn sé a bheith ag obair le daoine ar bhealach atá neamhbhreithiúnach agus cothrom bunaithe ar chothromaíocht ó thaobh measa de.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil eolas ag na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, ar a gcearta agus ina gcuireann siad a gcearta i bhfeidhm agus ina léirítear meas ar a n-éagsúlacht; agus ionad oibre a bhaint amach atá inrochtana agus ina bhfaigheann fostaithe iléagsúla sásamh ina gcuid oibre agus ina léirítear meas ar a n-éagsúlacht.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach atá saor ó idirdhealú, ar bhealach trína léirítear meas ar chearta daonna agus atá réamhghníomhach ó thaobh éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bhfostaithe a thógáil san áireamh agus dul in oiriúint dóibh ar fud ár gcuid feidhmeanna go léir.

| **Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha** | **Aghaidh tugtha orthu sa dréacht reatha den plean, straitéis, beartas nó chlár – Tá/Níl/Go pointe áirithe?** | **An chuid/(na) codanna ábhartha den phlean, straitéis, beartas nó clár inar tugadh aghaidh ar an tsaincheist nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** | **Tá leasuithe riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go leordhóthanach agus go cuí.** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Is éard atá i gceist le Féinriar  neamhspleáchas, féinchinntiúchán, rogha agus cur chuige ón mbonn aníos. Baineann sé lena bheith solúbtha ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag athrú agus atá ag teacht chun cinn agus riachtanais comhthéacsúla agus tacú le hacmhainneacht roghanna a dhéanamh agus a bheith bainteach le cinnteoireacht.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil fíor-roghanna ag na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti chun go mbeidh siad ábalta an saol is mian leo a chaitheamh a chaitheamh, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a chuireann roghanna ar fáil agus a chumasaíonn roghanna ó thaobh éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bhfostaithe.

| **Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha** | **Aghaidh tugtha orthu sa dréacht reatha den plean, straitéis, beartas nó chlár – Tá/Níl/Go pointe áirithe?** | **An chuid/(na) codanna ábhartha den phlean, straitéis, beartas nó clár inar tugadh aghaidh ar an tsaincheist nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** | **Tá leasuithe riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go leordhóthanach agus go cuí.** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Is éard atá i gceist le **Rannpháirtíocht** rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht agus i bpróisis cuntasachta. Baineann sé leis an gceart cluas éisteachta a fháil agus dúshlán a thabhairt. Áirítear leis sin díospóireacht oscailte maidir le físeanna comhroinnte a thógáil ina mbeidh spásanna d'éagsúlacht agus do chomhréiteach.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, cumhachtaithe agus go bhfuil rochtain acu ar ardáin agus ar phróisis institiúideacha ar mhaithe le rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht, ar cinnteoireacht í a imríonn tionchar orthu; agus ionad oibre a bhaint amach ina mothaíonn na fostaithe iléagsúla cumhachtaithe as an gcion a dhéanann siad.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach ina nglactar daoine agus na pobail iléagsúla a bhfuil an Chomhairle ag freastal orthu san áireamh ag an gcéim is luaithe i bhforbairt beartais agus cláir, go nglactar a gcuid tuairimí san áireamh, agus go bhfuil siad á gcumasú lena bheith rannpháirteach le heolas leordhóthanach agus le próisis inrochtana.

| **Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha** | **Aghaidh tugtha orthu sa dréacht reatha den plean, straitéis, beartas nó chlár – Tá/Níl/Go pointe áirithe?** | **An chuid/(na) codanna ábhartha den phlean, straitéis, beartas nó clár inar tugadh aghaidh ar an tsaincheist nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** | **Tá leasuithe riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go leordhóthanach agus go cuí.** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Is éard atá i gceist le cuimsiú ná glacadh leis an gceart atá ag daoine, go háirithe iadsan atá faoi mhíbhuntáiste agus atá scoite amach, páirt a ghlacadh agus a cuidiú leo a bheith páirteach.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina mbraitheann na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta sa Dualgas, go bhfuil siad páirteach agus rannpháirteach i ngach gné de shaol an phobail.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a chuireann forbairt pobail chun cinn, a chumasaíonn agus a thacaíonn léi ar mhaithe le leasa pobail, áite agus féiniúlachta.

| **Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha** | **Aghaidh tugtha orthu sa dréacht reatha den plean, straitéis, beartas nó chlár – Tá/Níl/Go pointe áirithe?** | **An chuid/(na) codanna ábhartha den phlean, straitéis, beartas nó clár inar tugadh aghaidh ar an tsaincheist nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** | **Tá leasuithe riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go leordhóthanach agus go cuí.** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Is éard atá i gceist le Ceartas Sóisialta trédhearcacht agus cothroime ó thaobh acmhainní geilleagracha, oideachais, cultúir agus eile a dháileadh. Baineann sé le cur chuige spriocdhírithe réamhghníomhach ó thaobh tacú leosan atá i mbaol na héagóra.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil rochtain ag na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, ar fhostaíocht, oideachas, scileanna oiliúna, foghlaim ar feadh an tsaoil, ioncam leordhóthanach agus ar riarachán poiblí atá éifeachtach.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a dhíríonn go réamhghníomhach agus go dearfach orthusan atá i mbaol neamhionannais ó thaobh ár soláthar acmhainní agus tacaíochtaí; agus a chumasaíonn éagsúlacht na bhfostaithe dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha beatha.

| **Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha** | **Aghaidh tugtha orthu sa dréacht reatha den plean, straitéis, beartas nó chlár – Tá/Níl/Go pointe áirithe?** | **An chuid/(na) codanna ábhartha den phlean, straitéis, beartas nó clár inar tugadh aghaidh ar an** | **Tá leasuithe riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go leordhóthanach agus go cuí.** |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **tsaincheist nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** | |
| | | | |
| | | | |

Is éard atá i gceist le Ceartas Timpeallachta an ceart chun timpeallacht atá glan, sábháilte agus inbhuanaithe a aithint don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht. Baineann sé le himní maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar a bheidh aige, go háirithe ar ghrúpaí agus ar phobail imeallaithe.

Ráiteas maidir le Torthaí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i dtreo cathair a bhaint amach ina bhfuil na daoine agus na pobail iléagsúla atá inti, go háirithe na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, ag maireachtáil i bpobail inbhuanaithe.

Ráiteas maidir le Próiseas: Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bhealach a léiríonn agus a chuireann ionad oibre inbhuanaithe chun cinn, a bhfuil caighdeáin arda timpeallachta agus soláthar glas i gceist leis.

| **Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha** | **Aghaidh tugtha orthu sa dréacht reatha den plean, straitéis, beartas nó chlár – Tá/Níl/Go pointe áirithe?** | **An chuid/(na) codanna ábhartha den phlean, straitéis, beartas nó clár inar tugadh aghaidh ar an tsaincheist nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** | **Tá leasuithe riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go leordhóthanach agus go cuí.** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

**Ailíniú leis an Dualgas agus Cur Chuige Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Stiúir Luachanna i leith Cur i bhfeidhm an Dualgais.**

Cén téacs breise chun tagairt a dhéanamh don Dualgas is cóir a chur san áireamh sa phlean, straitéis, beartas nó clár?

| |
|---|
| |

Cén téacs breise chun tagairt a dhéanamh do luachanna comhionannais agus cearta an duine Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus le hailíniú a chinntiú lena ráiteas tosaíochta/ráiteas maidir le próiseas, mar is ábhartha, ba chóir a chur san áireamh sa phlean, straitéis, beartas nó clár?

| |
|---|
| |

## Aguisín 2 Leabhar Fianaise

### Réamhrá

Rinneadh an leabhar fianaise seo a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil d'fheidhmiú na céime Measúnaithe den Dualgas. Rinneadh athbhreithniú ar raon leathan doiciméid agus an bonn fianaise seo a fhorbairt. Tá taifeadadh déanta ar an bhfianaise a bhailíodh thíos: foinsí beartais náisiúnta; foinsí tuarascálacha agus aighneachtaí náisiúnta; agus foinsí tuarascálacha agus staidéir áitiúla.

Bhain an fhianaise a bailíodh le, agus tá an fhianaise seo aicmithe faoi:

- Cás an ghrúpa i dtéarmaí a rochtain ar acmhainní agus aon mhíbhuntáiste áirithe atá á bhrath acu.
- Taithí an ghrúpa i dtéarmaí cáilíocht a n-idirghníomhaíocht le fostóirí agus le soláthróirí seirbhíse agus leis an tsochaí níos leithne.
- Aitheantas an ghrúpa maidir leis an mbealach a roghnaíonn siad a n-aitheantas a léiriú agus na riachtanais shonracha a eascraíonn as a n-aitheantas.

### Foinsí Beartais Náisiúnta

Aithnítear sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2012 nó dírítear ar shaincheisteanna an cháis, taithí agus aitheantais do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le cás, aithnítear ann:

- go bhfuil 31% de dhaoine faoi mhíchumas i bhfostaíocht íoctha i gcomparáid le 71% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas atá fostaithe.
- tá 42% de dhaoine faoi mhíchumas ag maireachtáil i dteaghlaigh nach bhfuil duine ar bith fostaithe, a chiallaíonn go bhfuil siad faoi bhaol mór ón mbochtaineacht.
- Tá rannpháirtíocht agus torthaí oideachais níos ísle ag daoine atá faoi mhíchumas. Ní raibh oideachas dara leibhéal críochnaithe ag 50% de dhaoine faoi mhíchumas i gcomparáid le 22% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Maidir le taithí:

- Is mó seans go mbeidh daoine faoi mhíchumas ag maireachtáil ina n-aonar.
- Daoine faoi mhíchumas ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe.
- Easpa eolais agus feasachta i measc daoine faoi mhíchumas maidir lena gcuid roghanna ó thaobh cinnteoireacht chuidithe.
- Easpa oiliúna don fhoireann atá ag obair in earnálacha a bhíonn in idirghníomhaíocht le daoine faoi mhíchumas.

Maidir le haitheantas,

- Saincheisteanna rochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir le foirgnimh phoiblí, iompar phoiblí, córais TF atá á n-úsáid i soláthar seirbhísí agus i saoráidí lasmuigh, easnamh dearadh uilíoch sa timpeallacht thógtha.
- Easpa soláthair do lucht úsáidte Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus iad ag iarraidh seirbhísí poiblí a rochtain le gá le léirmhíniú saor in aisce nuair atáthar ag rochtain/ag baint úsáid as seirbhísí.

**Foinsí Tuarascálacha agus Aighneachtaí Náisiúnta**

Aithnítear, i dtaighde IHREC agus ESRI 2017, Who Experiences Discrimination in Ireland, nó dírítear ar shaincheisteanna taithí do raon grúpaí.

Maidir le taithí:

- Is díreach faoi 12% de dhaoine fásta na hÉireann a thuairiscigh idirdhealú sa bhliain 2014.
- Tá idirdhealú sna réimsí oibre sách ard, go háirithe nuair atáthar ag lorg oibre (7%).
- Tá idirdhealú sna seirbhísí níos ísle ach tá sé soiléir, ach go háirithe, i seirbhísí poiblí san oideachas, sláinte, iompar agus 'eile'.
- Bhí idirdhealú ard do dhaoine Dubha sna réimsí go léir: ionad oibre, ag lorg oibre, ag rochtain seirbhísí poiblí agus príobháideacha.
- Bhí an t-idirdhealú is airde ar fud na réimsí go léir, in aghaidh an Lucht Siúil, go háirithe agus iad a bhí ag lorg oibre agus ag rochtain seirbhísí príobháideacha. Bhí na figiúirí 10 n-uaire chomh hard don Lucht Siúil a bhí ag lorg oibre, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le "hÉireannaigh Gheala". Bhí figiúirí 22 uair chomh hard nuair a bhíothas ag rochtain seirbhísí príobháideacha i dtithe ósta, siopaí agus bialanna.
- Bhí idirdhealú ard do dhaoine faoi mhíchumas ar fud na réimsí go léir.
- Bhí idirdhealú níos airde san ionad oibre do na mná seachas d'fhir ach amháin nuair a bhíothas ag lorg oibre nó ag rochtain seirbhísí poiblí nó príobháideacha.
- Bhí idirdhealú níos airde do ghrúpaí meánaosta agus do ghrúpaí níos sine nuair a bhíothas ag lorg oibre, agus níos airde d'aoisghrúpaí níos óige nuair a bhíothas ag rochtain seirbhísí príobháideacha.
- Is dóichí go seasfaidh Reiligiúin seachas Caitlicigh agus gan aon reiligiún amach freisin ó thaobh an idirdhealaithe, go háirithe nuair atáthar ag rochtain seirbhísí poiblí agus san ionad oibre.
- Is mó seans go mbeidh Tuismitheoirí Aonair nár phós riamh agus daoine fásta gan chlann a bhí pósta roimhe seo, faoi réir ag idirdhealú san ionad oibre agus nuair atáthar ag rochtain seirbhísí poiblí nó príobháideacha.

Aithnítear i dtuarascáil an IHREC na bliana 2019 ar Ireland and the Convention on Racial Discrimination, Submission to the United Nations Committee on Racial Discrimination on Ireland's Combined Fifth to Ninth Periodic Report, saincheisteanna maidir le cás, taithí agus aitheantas i ndáil le daoine Dubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil.

Maidir le cás:

- Sa bhliain 2016, bhí an ráta dífhostaíochta don Lucht Siúil ag 80.2%, i gcomparáid le 12.9% don phobal i gcoitinne. Léiríodh i nDaonáireamh 2016 freisin nach liostaíonn ach 10.1% de mhná an Lucht Siúil agus 12.6% d'fhir an Lucht Siúil a príomhstádas socheacnamaíoch mar a bheith 'ag obair'. Is mó seans go mbeidh an t-idirdhealú atá i ndán don Lucht Siúil beagnach deich n-uaire níos airde agus iad ag lorg oibre.
- Is minic go mbíonn bacainní maidir le fostaíocht a rochtain i ndán do dhaoine Dubha agus do mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear deacrachtaí ó thaobh aitheantas a fháil in Éirinn do cháilíochtaí a baineadh amach thar lear, agus bíonn saincheisteanna á mbrath acu san ionad oibre ar nós conarthaí nach bhfuil daingnithe, easpa dul chun cinn, ní chaitear go cothrom leo, agus dúshaothrú.

- Bíonn tionchar díréireach ag an mbochtaineacht in Éirinn ar leanaí ó chúlraí an Lucht Siúil, Romach agus dhídeanaithe.
- I mbunscoileanna na hÉireann, tá bearnaí suntasacha ó thaobh inniúlacht léitheoireachta i measc leanaí ar rugadh a gcuid máithreacha in Éirinn agus iadsan ar rugadh a gcuid máithreacha in Oirthear na hEorpa, san Áise agus san Afraic. Tá níos mó deacrachtaí á mbrath ag 'Leanaí ó theaghlaigh inimirceacha' nuair atá siad ag aistriú chuig oideachas dara leibhéal, agus níl mórán seans ann go mbeidh grúpaí móra cairde acu agus tá an dóigh ann go mbeidh siad níos scoite amach go sóisialta ná mar a bheidh a bpiaraí Éireannacha.
- Leibhéil ísle rannpháirtíochta an Lucht Siúil agus Romach san oideachas luath-óige. Tá an leibhéal oideachais i measc an Lucht Siúil go mór faoi leibhéal an phobail i gcoitinne. Tá rátaí maidir le freastal scoile agus críochnú scoile mar shaincheist don phobal Romach, agus tá bacainní airgeadais suntasacha i ndán do go leor leanaí ó phobal na Romach. Is mó seans go mbeidh taithí dhiúltach ag leanaí ó phobal an Lucht Siúil agus ó phobal na Romach, lena n-áirítear, taithí ar bhulaíocht, ciníochas agus idirdhealú, a chiallódh go ndéanfadh siad a n-aitheantas a cheilt mar thoradh ar sin nó go bhfágfadh siad an scoil go luath.
- Bíonn droch-choinníollacha maireachtála, róphlódú agus baol níos mó ó thaobh easpa dídine á mbrath ag an Lucht Siúil agus ag pobal na Romach, chomh maith le leibhéil arda idirdhealaithe a bheith i ndán dóibh ó thaobh cóiríocht a rochtain.
- Is mó seans go mbeidh 'Náisiúnaigh Neamh-AE' ag brath díothachta ó thaobh na tithíochta de seachas mar a bheidh 'Náisiúnaigh Éireannacha' (1.7 uair) agus go mbeidh siad ag maireachtáil i gcóiríocht atá plódaithe i gcomparáid le 'Náisiúnaigh Éireannacha', fiú má tá siad laistigh den ghrúpa ioncaim chéanna (2.5 uair). Tá i bhfad níos mó daoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad i measc na ndaoine gan dídean. Tá údar imní ann maidir le feidhmiú Chiorclán 41/2012 na n-údarás áitiúil, a fhágann iarratasóirí áirithe ar lár (go háirithe náisiúnaigh an LEE) a bheadh incháilithe do thacaíochtaí tithíocht shóisialta murach sin.
- Tá bacainní suntasacha ó thaobh seirbhísí á rochtain á mbrath ag daoine Dubha agus ag mionlaigh eithneacha agus torthaí sláinte éagothroma, lena n-áirítear, drochthorthaí sláinte atá i bhfad ró-ard don Lucht Siúil agus do phobal na Romach.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh a ndóthain cosaint á fháil ag pobail ó mhionlaigh eitneacha agus go mbeadh ró-póilíneacht á dhéanamh orthu, lena n-áirítear, mar gheall ar phróifíliú ciníoch.
- Easpa meicníochtaí Stát chun rannpháirtíocht pobail Dhubha agus mionlaigh eithneacha a éascú i gceapadh beartais náisiúnta agus áitiúla.

Maidir le taithí:

- I gcomparáid le freagróirí ar 'Éireannaigh Gheala' iad, is dóigh go mbeidh an ráta idirdhealaithe a bheidh á bhrath ag daoine 'Dubha' trí huaire níos airde ó thaobh seirbhísí poiblí a rochtain agus go mbeidh an ráta idirdhealaithe atá á bhrath acu cúig huaire níos airde ó thaobh seirbhísí príobháideacha a rochtain ar nós siopaí, bainc agus tithíocht. Thuairiscigh freagróirí 'Áiseacha' níos mó den idirdhealú i seirbhísí príobháideacha. Tá an dóigh ann go dtuairisceoidh freagróirí 'Dubha' idirdhealú maidir le tithíocht a bheidh cúig huaire níos airde ná 'Náisiúnaigh Gheala de chuid na hÉireann'.

- Is dócha i gcomparáid le freagróirí ar 'Éireannaigh Gheala' iad, go mbeidh an t-idirdhealú a bheidh á bhrath ag Lucht Siúil na hÉireann 22 uaire níos airde agus seirbhísí príobháideacha á rochtain acu, go ginearálta, agus gur dóigh go mbeidh idirdhealú a thuairisciú acu i siopaí, tithe ósta agus bialanna a bheidh 38 uaire níos airde.
- Úsáid coitianta dioscúrsa ciníoch Ioslamafóibe agus frith-Sheimíteach sa réimse ar líne.
- Treisíonn steiréitíopaí diúltacha á áirítear leis an Lucht Siúl i ndioscúrsa poiblí bacainní i leith seirbhísí poiblí agus déanann sé na míbhuntáistí atá i ndán dóibh níos measa.
- Déanann íospartaigh ó mhionlaigh eitneacha tearcthuairisciú leanúnach ar chionta maidir le foréigean gnéasach agus teaghlaigh.
- Gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear, ar mhaithe le mí-úsáid ghnéis, obair theaghlaigh, iascaireacht, talmhaíocht, tionscal na mbialann, bainistiú dramhaíola, seirbhísí níocháin carranna.

Maidir le haitheantas,

- Gan fáil a bheith ar shonraí staitistiúla imdhealaithe maidir le saincheisteanna atá i ndán do dhaoine Dubha agus do mhionlaigh eitneacha in Éirinn, mar nach mbailíonn uirlisí bailithe sonraí na hÉireann eolas ar eitneacht.
- Tá bacainní breise i ndán do mhná ó mhionlaigh eitneacha ó thaobh rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-airítear, mar gheall ar idirdhealú ó thaobh teanga agus inscne, steiréitíopáil gnéis, easpa taithí ó thaobh na polaitíochta de, rochtain teoranta chuig maoiniú feachtais, tiomantais oibre agus easpa soláthairtí ó thaobh cúram leanaí de.
- Tacaíocht uireasach Béarla d'imircigh san oideachas, agus níos leithne, an gá le seirbhísí léirmhínithe rialaithe agus gairmiúla.

Ardaítear i dtuarascáil an IHREC na bliana 2017 ar an Submission to the United Nations Committee on the Elimination of Discrimination Against Women on Ireland's combined sixth and seventh periodic reports, saincheisteanna maidir le cás, taithí agus aitheantas.

Maidir le cás:

- An bhearna phá idir na fir agus na mná, forleithne na mban i bpoist ar phá íseal, idirdhealú a bhaineann lena bheith ag iompar clainne, agus thaithí ó thaobh briseadh i ngairm bheatha le himpleachtaí pinsin agus dealú inscne ó thaobh pinsin de.
- Leithscaradh inscne i limistéir ábhair oideachais agus i limistéir an mhargaidh saothair. Tromlach ban in obair chúraim.
- Easpa ionadaíochta sa saol poiblí m.sh. sa pharlaimint, sa rialtas áitiúil, i measc na mbreithiúna, ar bhoird phoiblí, agus bacainní ó thaobh cúram leanaí, airgead, muinín, cultúr agus roghnú iarrthóir.
- Easpa cothromaíocht inscne ar choistí agus easpa ionadaíocht ar mhná faoi mhíbhuntáiste nó ar mhná ó ghrúpaí mionlaigh.

Maidir le taithí:

- Idirdhealú mar gheall ar a bheith ag iompar clainne, le tairiscintí ó thaobh poist curtha ar ceal, uaireanta laghdaithe, tionchar diúltach ar rátáil feidhmíochta agus easpa dul chun cinn gairmiúil.

- Steiréitíopáil, an glacadh le róil traidisiúnta inscne agus claontacht bunaithe ar na steiréitíopaí sin. An bharúil, go bunreachtúil agus seachas sin gur leis an mbean ról an phríomhchúramóra.
- Taithí maidir le foréigean bunaithe ar inscne (éigniú, ionsaí gnéis, mí-úsáid gnéis, gnéaschiapadh agus foréigean baile) agus fáil teoranta ar sheirbhísí tacaíochta.

Maidir le haitheantas:

- Saincheisteanna a bhfuil tionchar acu agus bacainní ar ghrúpaí sonracha ban, lena n-áirítear, mná ón Lucht Siúil, mná faoi mhíchumas, mná faoin tuath, mná i cúrsaí talmhaíochta, mná atá ag maireachtáil i soláthar díreach, mná atá faoi choinneáil agus mná trasinscneacha. Níl mórán seans ann go mbeidh mná faoi mhíchumas gníomhach sa mhargadh saothair agus bíonn leibhéil arda dífhostaíochta á mbrath go háirithe ag mná ón Lucht Siúil.

Aithnítear nó dírítear in [Submission to the Universal Periodic Review of the UN Human Rights Council - Second Cycle Mid-Term Review] ar shaincheisteanna maidir le cás agus le taithí do ghrúpaí sonracha.

Maidir le cás:

- Amhail Feabhra 2019, bhí 10,264 duine gan dídean in Éirinn. Tá teaghlaigh agus daoine óga gan dídean mar fheiniméan forleathan atá ag dul i méid.
- In Éirinn, tá na rátaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas ar cheann de rátaí fostaíochta is ísle san AE. Tá gnóthachtáil oideachais i measc daoine faoi mhíchumas i bhfad níos ísle ná mar atá sa daonra i gcoitinne
- Léiríodh ráta dífhostaíochta de 80% do phobal an Lucht Siúil i nDaonáireamh 2016, i gcomparáid le ráta 12.9% sa daonra i gcoitinne.
- Saothraíonn na mná 13.9% níos lú ná na fir.
- Baineann coinníollacha maireachtála míchuí in ionaid le córas an tSoláthair Dhírigh, agus bíonn drochthionchar acu sin ar fholláine coirp agus ar mheabhairshláinte. Fiú tar éis do dhaoine (atá i soláthar díreach) stádas a bhaint amach, bíonn ar dhaoine fanacht in ionaid Soláthair Dhírigh mar gheall ar dheacracht le cóiríocht ar cíos go príobháideach a aimsiú le linn na géarchéime tithíochta.

Maidir le taithí:

- Bhí ná rátaí maidir le taithí a bhí ag freagróirí dubha ar idirdhealú san ionad oibre, sna seirbhísí poiblí agus sna seirbhísí príobháideacha i bhfad níos airde ná na daoine ar "Éireannaigh Gheala" iad. Thuairiscigh freagróirí Áiseacha níos mó den idirdhealú i seirbhísí príobháideacha freisin seachas freagróirí ar Éireannaigh Bána iad. Is dóigh go mbeidh an t-idirdhealú atá á bhrath ag daoine Dubha nach Éireannaigh iad cúig huaire níos airde agus fostaíocht á lorg acu in Éirinn nuair a chuirtear i gcomparáid le hÉireannaigh Gheala iad, agus dhá uair go leith níos airde ó thaobh idirdhealú a bheith á bhrath acu agus iad i bhfostaíocht.
- Tá daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus máithreacha aonair ina measc siúd a mbeidh na leibhéil is airde idirdhealaithe agus neamhionannais á mbrath acu maidir le tithíocht a fháil.
- Tá leibhéil níos airde idirdhealaithe á mbrath i gcónaí ag daoine faoi mhíchumas nuair a chuirtear i gcomparáid iad le daoine gan mhíchumas. Baineann tuairisc as

gach cúig thuairisc maidir le hidirdhealú i measc daoine faoi mhíchumas leis na seirbhísí sláinte.

- Treisíonn steiréitíopaí diúltacha á áirítear leis an Lucht Siúl i ndioscúrsa poiblí bacainní i leith seirbhísí poiblí agus déanann sé na míbhuntáistí atá i ndán dóibh níos measa. Leanann an Lucht Siúil le bacainní a bhrath ó thaobh sásamh a bhaint as na cearta i leith tithíochta, oideachais agus cúraim sláinte atá cuí ó thaobh cultúir de. Is mó seans go mbeidh an t-idirdhealú a bheidh i ndán don Lucht Siúil beagnach deich n-uaire níos airde agus iad ag lorg oibre.
- Creideann leath de na daoine fásta a rugadh in Éirinn go bhfuil roinnt cultúir níos fearr ná cultúir eile, agus creideann 45% go bhfuil roinnt ciníocha/grúpaí eithneacha níos fearr ag obair.
- Dearcadh steiréitipiciúil i leith ról na mban i sochaí na hÉireann.
- Tá foréigean baile forleathan in Éirinn. Níl ach aon tríú den líon spásanna do dhídeanaithe in Éirinn ba cheart a bheith ann faoi threoirlínte an AE i ndáil le foréigean baile.

Aithnítear agus dírítear in aighneacht an IHREC na bliana 2015 ar Ireland and the International Covenant on Economic, Social, and Cultural Rights ar shaincheisteanna maidir le cás agus taithí do líon de na grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas.

Maidir le cás:

- Tá 12% d'oibrithe i mbaol bochtaineachta, agus as an líon iomlán daoine atá bocht, tá 5% ag obair. Is mná atá i 60% d'oibrithe i bpoist ina bhfuil pá íseal.
- Fás suntasach ar an ráta dífhostaíochta i measc daoine óga.
- Marbhántacht i rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, ardú ar an bhearna phá idir na fir agus na mná, agus easpa roghanna cúraim leanaí atá leordhóthanach agus inacmhainne. Tá an bhearna phá idir na fir agus na mná ag 14.4%. Tá an bhearna phinsin idir na fir agus na mná ag 38.2%.
- Easpa ban i róil cheannaireachta. Is mná iad beagnach dhá thrian d'fhórsa saothair na státseirbhíse, agus tá formhór na bpost sinsearach ar na cheithre ghrád is airde sa státseirbhís le pá níos fearr ag na fir, a thugann le fios gur ann don tsíleáil ghloine san earnáil phoiblí i fós.
- Leibhéal dífhostaíochta níos airde d'inimircigh ná do shaoránaigh na hÉireann, is mó seans go mbeidh inimircigh dífhostaithe seachas náisiúnaigh de chuid na hÉireann agus tá an claonadh ann go mbeidh leibhéil níos airde dífhostaíochta á mbrath ag náisiúnaigh Afracacha ná ag grúpaí eile le ráta dífhostaíochta de 30% in 2013 i gcomparáid le meánráta dífhostaíochta de 13.1% an bhliain chéanna.
- Is mó seans go mbeidh daoine faoi mhíchumas dífhostaithe nó má tá siad fostaithe gur in obair pháirtaimseartha é.
- Tá an costas maireachtála do dhaoine faoi mhíchumas beagnach aon trian níos airde ná mar atá don phobal i gcoitinne agus ní léiríonn íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhaineann le míchumas na costais bhreise.
- Is minic go mbíonn Leanaí faoi Mhíchumas nó Leanaí le Riachtanais Speisialta Oideachais fágtha gan áit i roinnt scoileanna mar gheall ar an gcritéar atá i mbeartas iontrála na scoile. Freastalaíonn formhór na leanaí faoi mhíchumas ar oideachas, ranganna nó scoileanna príomhshrutha, cé go bhfuil an céatadán atá ag freastal ar shocrúcháin speisialta oideachais ag ardú de réir mar a aistríonn siad chuig

meánoideachas. Is mó seans go gcuirfear leanaí faoi mhíchumas ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch in oideachas speisialta.
- Níl cearta phobail an Lucht Siúil i leith tithíocht atá cuí ó thaobh an chultúir de á mbaint amach de réir a chéile.
- Gnóthachtáil oideachais níos ísle don Lucht Siúil. Tháinig ardú ó 15% in 2002 go 22% in 2011 ar líon an Lucht Siúil a fuair oideachas ag leibhéal íseal meánscoile. Críochnaigh 3.6% meánscoil in 2006 agus 8.2% in 2011.
- Ganntanas tithíochta agus easpa dídine.
- Tá conarthaí fostaíochta le huaireanta oibre neamhshonraithe, conradh 'gan íosmhéid uaireanta', mar ghné den obair anois do go leor daoine aonair. Tá neamhdhaingneacht ioncaim agus cásanna fostaíochta neamhchinnte mar thoradh ar easpa uaireanta oibre sonraithe agus slán, i ndán do go leor fostaithe.

Maidir le taithí:

- Dearcadh steiréitipiciúil leanúnach i leith ról na mban.

Aithnítear nó dírítear ar shaincheisteanna cáis, taithí agus aitheantais do dhaoine breacaostain [Submission to the Citizens' Assembly: 'How we respond to the challenges and opportunities of an ageing population'] 2017 an IHREC

Maidir le cás:

- Tá an bhearna phinsin idir na fir agus na mná ag 38% faoi láthair. Chuir líon fachtóirí leis seo: an bhearna phá idir na fir agus na mná, ró-ionadaíocht na mban in obair nach mbaineann cinnteacht léi agus obair pháirtaimseartha agus is mó seans nach mbeidh pinsin cheirde nó pinsin phríobháideacha ag mná seachas mar a bhíonn ag fir agus má bhíonn a leithéid acu, go ginearálta is ag rátaí níos ísle é.
- Is mó seans nach mbeidh pinsean cheirde nó pinsean Stáit ranníocach ag na mná mar gheall go bhféadfadh briseadh gairme a bheith i gceist mar gheall ar chúram leanaí.
- Cé nach bhfuil aon athrú tagtha ar na rátaí íocaíochta don Phinsean Stáit (Ranníocach) ná don Phinsean Stáit (Neamhranníocach) i ndiaidh an chúlaithe eacnamaíochta, tá laghdú déanta ag athruithe a rinneadh ar íocaíochtaí tánaisteacha ar éifeachtacht an Phinsin Stáit, lena n-áirítear, liúntas breosla, liúntas teileafóin agus liúntas leictreachais.
- Rialaíonn líon critéir cháilíochta rochtain ar phinsin, agus tá roinnt acu sin mar údar imní ó thaobh comhionannas agus chearta an duine, eadhon, an córas meánaithe, na bannaí íocaíochta agus aois an phinsin.

Maidir le taithí:

- Tá meascán idirnasctha de chleachtais institiúideacha, dearcadh aonair agus caidreamh i gceist le haoiseachas. Áirítear ar chleachtais institiúideacha, úsáid a bhaint as na huasteorainneacha aoise chun rochtain ar sheirbhísí a rialú agus chun cur le himeallú daoine breacaosta.
- B'ionann forleithne drochíde ar sheanóirí agus 2.2% in 2013, agus d'fhéadfadh an líon daoine atá faoi réir ag drochíde ar sheanóirí a bheith níos airde ná mar atá tuairiscithe.

- Cé go bhfuil fáil ar réitigh maidir le hidirdhealú a bhaineann le haois agus le sárú a dhéanamh ar chearta daoine breacaosta, tá údar imní maidir le héifeachtúlacht agus le hinrochtaineacht réitigh den sórt sin.

Maidir le haitheantas:

- Ní chuireann an dlí cosaint leordhóthanach ar fáil d'oibrithe maidir le scor éigeantach ag aois nach mbíonn siad i dteideal pinsean Stáit a fháil'.
- Níl an rogha atá daoine breacaosta cúram agus tacaíocht a fháil ina gcuid tithe féin agus sa phobal á bhaint amach, agus tá údar imní ann maidir leis 'leibhéal an tsoláthair', easpa caighdeáin, nó caighdeáin nach bhfuil leordhóthanach i seirbhísí leasa shóisialaigh an Stát'.
- Cailleadh saoirse i dtithe altranais agus i gcóiríocht chúraim agus cónaitheach eile, le húdar imní maidir leis an tsoiléireacht reachtach a bhaineann leis seo.
- D'fhéadfadh fachtóirí eile, lena n-áirítear, cine, inscne agus míchumas idirdhealú aoise a dhéanamh níos measa.

Aithníodh saincheisteanna cáis, taithí agus aitheantas don phobal Romach, i dtuarascáil na bliana 2018 Pavee Point agus na Roinne Dlí agus Cirt, Roma in Ireland A national needs assessment agus díríodh orthu.

Maidir le cás:

- Ní raibh ach 16.7% de na daoine a d'fhreagair fostaithe.
- Luaigh suas le 20% de na daoine a d'fhreagair go bhfuil bochtaineacht á bhrath acu a d'fhéadfaí a mheas mar bhochtaineacht as cuimse. I 50% de na teaghlaigh ina raibh leanaí, thuairiscigh freagróirí nach raibh a dhóthain bia acu i gcónaí.
- Thuairiscigh 19.8% de na daoine a d'fhreagair nach bhfuil uimhir PSP acu, atá ríthábhachtach ó thaobh raon leathan seirbhísí a rochtain, lena n-áirítear, iarratas a dhéanamh ar chárta leighis agus ar chosaint sóisialta.
- Is idirdhealú i gcóiríocht a rochtain na saincheisteanna cóiríochta ba mhó a tháinig chun cinn; róphlódú as cuimse; droch-chaighdeán cóiríochta; easpa daingne tionachta; easpa dídine; agus easpa rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar fhorlíonadh cíosa.
- Ní raibh 37.8% de dhaoine fásta i dteaghlaigh Romach ar scoil riamh. Bhí sé sin amhlaidh ach go háirithe ó thaobh na mban, tráth nach raibh 41.1% de na mná ar scoil riamh, agus ní raibh 22% de na fir ar scoil riamh.

Maidir le taithí:

- Thuairiscigh 78.9% de na daoine a d'fhreagair gur mhothaigh siad go raibh idirdhealú a dhéanamh orthu ó thaobh fostaíocht a fháil. Thuairiscigh 93.3% de na daoine a d'fhreagair gur mhothaigh siad go raibh idirdhealú á dhéanamh orthu ó thaobh cóiríocht a rochtain. Thuairiscigh 84.3% de na daoine a d'fhreagair gur mhothaigh siad go raibh idirdhealú á dhéanamh orthu ó thaobh cosaint shóisialta a rochtain. Mhothaigh 70.5% de na daoine a d'fhreagair go raibh idirdhealú á dhéanamh orthu sna seirbhísí cúraim sláinte. Thuairiscigh 81.1% gur bhrath siad idirdhealú ar an tsráid nó in áiteanna poiblí - trí íde béile agus trí mhaslaí ciníochais. Thuairiscigh 74% gur mhothaigh siad go ndearnadh idirdhealú orthu i siopaí, bialanna, tithe ósta agus in ionaid shóisialta eile.

Maidir le haitheantas:

- Ciallaíonn easpa sonraí aonfhoirmeacha, imdhealaithe bunaithe ar eitneacht go bhfuil bearna shuntasach ann ó thaobh sonraí iontaofa agus cuimsitheacha maidir le staid shocheacnamaíoch na Romach in Éirinn.
- Roghnaíonn go leor de phobal na Romach a n-aitheantas a cheilt ag an obair agus ar scoil.
- Aithníodh tacaíochtaí Béarla agus litearthachta do leanaí agus do thuismitheoirí nach raibh leordhóthanach mar bhacainn ó thaobh oideachais.
- Thuairiscigh 71.2% de na daoine a d'fhreagair go mbíonn deacracht acu foirmeacha Béarla a léamh agus thuairiscigh 66% go raibh deacracht acu foirmeacha i mBéarla a líonadh amach. Fuair 84% de na teaghlaigh a d'fhreagair cúnamh le Béarla a léamh agus a scríobh.

Aithnítear i dtuarascáil taighde na bliana 2019 an IHREC agus an ESRI [Caring and Unpaid Work in Ireland] agus dírítear ar shaincheisteanna cáis agus taithí ar fhoras inscne.

Maidir le cás:

- Tá freagrachtaí cúraim mar phríomhchomhpháirt de neamh-chomhionannas inscne sa mhargadh saothair, i dtéarmaí fostaíocht a rochtain, uaireanta oibre, ionchais ghairme, coinníollacha tuarastail agus oibre.
- Tá an tríú líon is airde uaireanta seachtainiúla in Éirinn maidir le hobair neamhíoctha d'fhir agus do mhná seachas mar atá ar fud an AE-28. Is mó seans go léireoidh sé seo an t-éileamh ard ar chúram in Éirinn, le rannpháirtíocht réasúnta íseal an Stáit ó thaobh tacú le cúram.
- Cé go bhfuil ardú suntasach tagtha ar thacaíocht do sheirbhísí cúraim leanaí le blianta beaga anuas agus go bhfuil forbairt agus feabhas curtha ar scéimeanna saoire le fiche bliain anuas, tá an leibhéal tacaíochta maidir le hobair íoctha agus obair nach bhfuil íoctha a thabhairt le chéile i bhfad taobh thiar de na stáit Lochlannacha agus roinnt de stáit Mhór-roinn na hEorpa agus ag titim taobh thiar den ardú suntasach ar fhostaíocht íoctha na mban in Éirinn.
- Tá an bhearna phá idir na fir agus na mná maidir le ham oibre neamhíoctha in Éirinn ar an seachtú ceann is airde i measc an AE-28. Feidhmíonn na mná níos mó ná 7.2 uair an chloig ar an meán d'obair chúraim in aghaidh na seachtaine ná mar a dhéanann na fir. Is iad na réamh-mheastóirí is láidre ó thaobh cúraim ná, inscne, aois an linbh is óige, agus do na mná, rannpháirtíocht i bhfostaíocht íoctha. Níl difríocht in uaireanta cúraim na bhfear de réir stádas fostaíochta agus ní dóigh go mbeidh siad ceangailte chomh láidir le haois na leanaí le huaireanta cúraim na mban. Ina measc siúd nach bhfuil fostaithe nó atá ag obair go páirtaimseartha tá difríocht mhór in uaireanta cúraim na bhfear agus na mban. Níl aon difríocht shuntasach inscne ó thaobh am cúraim ina measc siúd atá ag obair go lánaimseartha.
- Cuireann 45% de mhná agus 29% d'fhir cúram ar fáil do dhaoine eile ar bhonn laethúil (cúram leanaí agus/nó cúram do dhaoine fásta). Tá 55% acusan a chuireann cúram ar fáil ar bhonn rialta fostaithe: 45 faoin gcéad i gcás na mban agus 72% i gcás na bhfear. Is 16 uaire an chloig an meán-am in aghaidh na seachtaine a chaitear ar chúram ar fud an daonra ina iomláine: 10.6 uair an chloig d'fhir agus 21.3 uair an chloig do na mná. Ina measc siúd atá a chuireann cúram leanaí ar fáil go rialta m.sh., uair sa tseachtain ar a laghad, is é an meán-am seachtainiúil ná 35.2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine: 42.6 uair an chloig do na mná agus 25.2 uair an chloig do na

fir. Ina measc siúd atá a chuireann cúram rialta ar fáil do dhuine fásta is 19.4 uair an chloig in aghaidh na seachtaine an tiomantas meán-ama; 19.8 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i measc na gcúramóirí ban agus 18.8 uair an chloig i measc cúramóirí fir.

- Tuairiscíonn mná in Éirinn go ndéanann siad díreach faoi mheán de 20 uair an chloig obair tí in aghaidh na seachtaine, agus tuairiscíonn fir meán de sheacht n-uaire a chloig. Bíonn difríocht sa leibhéal ama a chaitear le hobair tí do na mná agus do na fir nuair a bhíonn páirtí i gceist. Cuireann páirtí a bheith i gceist, fostaithe nó gan a bheith fostaithe, leis an am a chaitear le hobair tí do na mná. Ó thaobh na bhfear, íslíonn páirtí a bheith i gceist nach bhfuil fostaithe an t-am a chaitear i mbun obair tí (i gcomparáid le fir aonair).

Maidir le taithí:

- Tá rochtain na bhfear ar shocruithe oibre solúbtha íseal agus tá ró-ionadaíocht ar na mná sa chohórt fostaithe a bhaineann leas as uaireanta laghdaithe ar mhaithe le cúram agus obair gan íocaíocht a éascú.
- Tá leath acusan atá ag tabhairt faoi obair chúraim gan íocaíocht ag láimhseáil na bhfreagrachtaí i gcomhar le fostaíocht agus tá ró-ionadaíocht ar na mná sa chohórt fostaithe seo nach mór dóibh a gcuid uaireanta a laghdú ar mhaithe le cúram agus obair gan íocaíocht a éascú.

Aithnítear sa Tuarascáil ón mbliain 2022: Environmental Justice in Ireland: Key dimensions of environmental and climate injustice experienced by vulnerable and marginalised communities, , (O'Neill S., DCU) saincheisteanna cáis, taithí agus aitheantais do líon grúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas agus leagtar béim orthu.

Maidir le cás:

- Tearcrochtain fuinnimh. Is iad na trí phríomhfhachtóirí ó na n-eascraíonn tearcrochtain fuinnimh, costas fuinnimh, ioncam teaghlaigh agus éifeachtúlacht fuinnimh an teaghlaigh. Tearcrochtain fuinnimh mar thoradh ar cháin charbóin atá curtha le costas teasa breoslaí iontaise agus ní fheiceann roinnt grúpaí tairbhe na hathchúrsála in aon chor, go háirithe pobail an Lucht Siúil. Easpa rochtain ar thithíocht éifeachtúil. Áiríonn fachtóirí a chuireann leis an dóchúlacht go mbeidh tearcrochtain fuinnimh á brath, ioncam íseal, leibhéil ísle oideachais agus a bheith mar thuismitheoir aonair le leanaí cleithiúnacha. Tá go leor teaghlaigh ann nach bhfuil rochtain acu ar ábhar fuinnimh ar nós leictreachas, teas srl., i measc pobal an Lucht Siúil, chomh maith le teaghlaigh daoine breacaosta agus iadsan atá i gcóiríocht ar cíos. Tá tionchar díréireach orthusan atá i gcóiríocht phríobháideach freisin mar go bhfuil go bhfuil codanna níos airde de Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh íseal san earnáil seo seachas mar atá i dtithe an údaráis áitiúil nó i dtithíocht úinéir-áitithe. Tá baol níos airde ó thaobh tearcrochtain fuinnimh i measc daoine breacaosta atá ina gcónaí ina n-aonar agus d'fhéadfadh daoine breacaosta a bheith níos drogallaí infheistíocht a dhéanamh in iarfheistiú nó in uasghráduithe, mar gheall a bheith neamhchinnte maidir le toradh nó le tairbhe. Tá an Lucht Siúil faoi réir ag baol níos airde ó thaobh tearcrochtain fuinnimh, go háirithe iadsan atá ina gcónaí i dtithe soghluaiste agus i gcarbháin atá ag brath ar bhreosla iontaise chun an áit a théamh.

- Tearcrochtain iompair. Déanann úsáid carranna truailliú aeir agus torainn níos measa agus ciallaíonn tús áite a thabhairt do na carranna thar mhodhanna iompair inbhuanaithe eile go gcruthaítear cineálacha eile neamhionannais agus díothacht sóisialta freisin tráth nach mbíonn daoine ar ioncam íseal in ann carr a cheannach agus mar gheall air sin go mbíonn deacracht acu poist, siopaí, taitneamhachtaí poiblí agus gníomhaíochtaí sóisialta a rochtain.
- Déantar na tionchair ó thruailliú aeir agus torainn agus ó theocht as cuimse, a dháileadh go míchothrom. Bhí tionchair níos mó ag na contúirtí sin ar ghrúpaí leochaileacha ar nós daoine breacaosta, leanaí agus iadsan ar stádas socheacnamaíoch níos ísle. Tá truailliú comhchruinnithe i limistéir gheografacha áirithe i measc pobail ag a bhfuil an tionchar nó an chumhacht is lú sa phróiseas beartais. Déanann aosú níos leochailí muid go fisiciúil i leith truailliú aeir, tráchta agus deighilt an phobail.

Maidir le taithí:

- Mothaíonn daoine ar ioncam íseal, i dtionacht neamhdhaingean nó atá faoi mhíbhuntáiste ar bhealaí eile mar gheall ar inscne, eitneacht nó stádas dleathach, go bhfuil fíorbheagán cumhachta acu le tionchar a bheith acu ar chinnteoireacht comhshaoil, nó fiú dóthain eolais maidir lena dtimpeallacht chun aighneacht a dhéanamh nó tuairim a thabhairt ar shaincheist phleanála áitiúil.
- Rochtain éagothrom ar an dúlra agus ar spásanna oscailte poiblí. Easpa taitneamhachtaí timpeallachta a bhaineann le limistéir uirbeacha uaislithe (m.sh. crainn, rialú bruscair, páirceanna, dlús íseal tithíochta).

Maidir le haitheantas:

- Tá mná leochaileach ach go háirithe ó thaobh rioscaí timpeallachta mar gheall ar an ngné inscneach a bhaineann le míbhuntáiste socheacnamaíoch agus d'fhéadfadh siad a bheith níos leochailí go fisiciúil i leith cineálacha eile truaillithe, ar nós iad sin ó bhithcharnú i bhfíocháin saileacha nó ceimiceáin thocsaineacha atá contúirteach go háirithe do chórais atáirgthe.
- Tá imircigh ag maireachtáil i gcomharsanachtaí díghrádaithe, áit nach bhfuil soláthar maith á dhéanamh do pháirceanna agus do shaoráidí caitheamh aimsire, nó tá bacainní praiticiúla á mbrath acu ar nós easpa comharthaíochta ilteangach agus bacainní sóisialta ar nós idirdhealú, eagla agus braistint maidir le contúirt. Cuimsíonn na gnéithe sin go léir saincheisteanna maidir le héagóir tírdhreacha.

Aithnítear saincheisteanna maidir leis an gcás ar fhoras míchumais i mBileog Eolais 1: Staitisticí Míchumais 2018 an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus dírítear orthu.

Maidir le cás:

- Is lú seans go mbeadh daoine faoi mhíchumas ag obair. 36% de dhaoine faoi mhíchumas in aois 20 go 64 atá ag obair, i gcomparáid le 73% de dhaoine go foriomlán san aoisghrúpa sin. Ní raibh míchumas ach ar 6.3% d'oibrithe, cé go ndéanann 13.5% de dhaoine faoi mhíchumas suas an daonra foriomlán.
- Is lú seans go mbeadh daoine faoi mhíchumas ina ngairmithe nó ina n-oibrithe bainistíochta:
    - tá 50% níos mó seans ann go mbeadh daoine nach bhfuil faoi mhíchumas ina ngairmithe nó ina n-oibrithe bainistíochta ná duine atá faoi mhíchumas: tá

24% de dhaoine faoi mhíchumas aicmithe i slí bheatha gairmiúil agus bainistíochta cé go bhfuil 38% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas aicmithe i slí bheatha gairmiúil agus bainistíochta;
    - Tá níos lú seans ann go mbeadh daoine nach bhfuil faoi mhíchumas neamhoilte/eile/anaithnid le hais duine atá faoi mhíchumas: tá 37% de dhaoine faoi mhíchumas i slí bheatha neamhoilte, i slí bheatha eile nó i slí bheatha anaithnid, cé go bhfuil 19% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas i slí bheatha neamhoilte, i slí bheatha eile nó slí bheatha anaithnid;
- Críochnaíonn daoine atá faoi mhíchumas an scoil níos luaithe ná mar a chríochnaíonn daoine nach bhfuil faoi mhíchumas an scoil.
- Mar gheall go bhfuil an nós ag daoine at a faoi mhíchumas an scoil a fhágáil níos luaithe, níl a gcuid cáilíochtaí chomh maith le cáilíochtaí daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. As an daonra de dhaoine faoi mhíchumas in aois 15 agus os a chionn: níl aon oideachas foirmiúil ag 5%; níor bhain ach 20.8% leibhéal bunscoile amach; níor bhain ach 16.3% leibhéal iar-bhunoideachas íochtarach amach; agus níor bhain ach 13%% leibhéal iar-bhunoideachas uachtarach amach.

Aithnítear nó dírítear ar shaincheisteanna cáis agus taithí don Lucht Siúil in A Social Portrait of Travellers in Ireland,, le Watson, D., Kenny, O., agus F McGinnity.

Maidir le cás:

- Is 82% den Lucht Siúil in aois 25 go 64 atá ag obair, i gcomparáid le 17% de dhaoine nach daoine den Lucht Siúil iad. Tá ráta níos ísle rannpháirtíochta sa mhargadh saothair ag an Lucht Siúil freisin, is é sin, a bheith fostaithe nó gan a bheith fostaithe. Ní raibh bearna rannpháirtíochta an mhargaidh saothair chomh mór sin, áfach: Bhí 61 faoin gcéad den Lucht Siúil sa mhargadh saothair i gcomparáid le 79 faoin gcéad de dhaoine nach daoine den Lucht Siúil iad. Dá bhrí sin, bhí an ráta íseal fostaíochta don Lucht Siúil (11 faoi gcéad i gcomparáid le 66 faoin gcéad) faoi threallús go príomha ag difríochtaí sa dífhostaíocht.
- Tá i bhfad níos lú seans ann go mbeadh oideachas comhlánaithe ag an Lucht Siúil go leibhéal Ardteistiméireachta: níl sé sin déanta ach ag 8 faoin gcéad i gcomparáid le 73 faoin gcéad de dhaoine nach daoine den Lucht Siúil iad. Níl céim bainte amach ach ag 1 faoin gcéad den Lucht Siúil in aois 25-64 bliain i gcomparáid le 30 faoin gcéad de dhaoine nach daoine den Lucht Siúil iad. Tá níos mó seans ann go mbeadh an scoil fágtha in aois an-óg ag an Lucht Siúil, leis an scoil fágtha ag 28 faoin gcéad den Lucht Siúil os cionn 25 bliain roimh aois 13, i gcomparáid le 1 faoin gcéad de dhaoine nach daoine Lucht Siúil iad.
- Léiríodh i nDaonáireamh 2011 go bhfuil 12 faoin gcéad den Lucht Siúil ag maireachtáil i gcarbhán nó i dteach soghluaiste. Cé go mbaineann sé lena modh maireachtála traidisiúnta fánaíochta, is mó seans go mbeadh róphlódú i gceist leis an gcineál seo cóiríochta (84 faoin gcéad) agus easpa rochtain idirlín (91 faoin gcéad). Is mó seans freisin go mbeadh easpa córas téimh lárnaigh, soláthar uisce agus saoráidí séarachais acu ná mar a bheidh i gcóiríocht chaighdeánach.
- Tá an ráta féinmharaithe beagnach seacht n-uaire níos airde i measc na bhfear sa Lucht Siúil ná mar atá sa daonra i gcoitinne

Maidir le taithí:

- Agus gnóthachtáil oideachais á glacadh san áireamh, tá i bhfad níos mó seans ann go mbeadh dífhostaíocht á brath fós ag an Lucht Siúil (9 n-uaire níos mó) ná mar a bheadh ag an bpobal i gcoitinne, le hidirdhealú agus claontacht aitheanta mar chúis leis an difríocht shuntasach seo.

Aithnítear agus dírítear i dTráchtaireacht Eacnamaíochta Ráithiúil Samhradh 2021 an ESRI ar an tsaincheist maidir leis an gcás ar fhoras stádais shocheacnamaíoch.

Maidir le cás:

- Is dóigh go mbeidh tionchair shuntasacha buan ag COVID-19 ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Go háirithe, ciallaíonn an tionchar ar thógáil chónaitheach go bhfuil an éagothroime idir soláthar agus éileamh tithíochta níos mó anois ná mar a bhí ag tús na paindéime.

Aithnítear agus dírítear in The Long Road to Secondary School: Background, Home, Learning Environment, and Transition Difficulties (Smyth E. and Privalko I.) an ESRI ar an tsaincheist maidir leis an gcás ar fhoras stádais shocheacnamaíoch.

Maidir le cás:

- Bhí tionchar láidir ag ioncam teaghlaigh an linbh agus ag oideachas na máthar araon ar dheacrachtaí leis an aistriú a dhéanamh chuig meánscoil. Is mó seans go mbeadh deacrachtaí ag daoine óga a raibh iar-bhunoideachas íochtarach (ar a mhéad) ag a gcuid máithreacha nó a tháinig ón gcúigil ioncaim is lú (cúigiú) ó thaobh dul i dtaithí ar an meánscoil. Is mó seans go mbeidh tionchair i bhfad níos mó ag cosaint in aghaidh na bochtaineachta agus na díothachta ar aistriú scoile ná mar a bheidh ag iarrachtaí chun rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim sa bhaile a chur chun cinn.

Aithnítear agus dírítear in Irish Digital Accessibility Index 2002 do Chomhairle Náisiúnta na nDall, atá foilsithe ag IA Labs, ar shaincheisteanna taithí do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir le taithí:

- Níl láithreáin ghréasáin inrochtana ag 72% de chuideachtaí ceannródaíocha na hÉireann agus níor bhain aon
  earnáil amháin amach níos mó ná 50% de phasráta inrochtaineachta. D’fhéadfadh láithreáin ghréasáin
  agus ardáin digiteacha neamh-inrochtana rochtain a cheilt ar dhaoine atá faoi mhíchumas
  chuig seirbhísí agus táirgí ar líne.
- Aicmíodh cúig cinn de na miondíoltóirí grósaeireachta is mó in Éirinn chomh maith le gach ceann de na deich gcinn de na hardáin tithíochta agus cíosa ar líne is mó sa tír a bheith neamh-inrochtana. Níor éirigh ach le ceann amháin de na 20 ospidéal príobháideacha sa tír a ndearnadh anailís orthu san iniúchóireacht inrochtaineachta digiteach. I dtéarmaí oideachais, níor éirigh le haon láithreán gréasáin amháin as sampla de 28 láithreán gréasán ollscoileanna agus scoileanna príobháideacha agus poiblí na hÉireann.
- San earnáil phoiblí, tá láithreáin gréasáin inrochtana ag 89% de Ranna Rialtais, agus níl láithreáin gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ná na Roinne Gnóthaí Eachtracha, measta a bheith inrochtana i láthair na huaire.

Aithnítear nó dírítear i dtuarascáil GLEN agus BeLonGTo 2016, LGBTI Ireland report-national study of the mental health and wellbeing of lesbian, gay, bisexual, transgender, and intersex people in Ireland, ar shaincheisteanna maidir le cás, taithí agus aitheantas don phobal LADT.

Maidir le cás:

- Rinne idir 12-35% de na rannpháirtithe ar fud grúpaí LADTI+ taifeadadh ar scóir a léiríonn dúlagar, imní agus strus trom nó thar a bheith trom. Ar gach scála DASS, bhí an meánscór is airde ag an aoisghrúpa is óige (14-18 bliain d'aois), leis an aoisghrúpa 19-25 ina dhiaidh sin. Bhí na rátaí dúlagair, imní agus struis throm nó thar a bheith trom don chohórt ógánach (14-18 bliain d'aois) ceithre huaire níos airde ná na rátaí a tuairiscíodh don chohórt 12-19 bliain d'aois sa suirbhé My World ar ógánaigh agus ar dhaoine óga na hÉireann (Dooley agus Fitzgerald 2012). Bhí an meán scór is airde ag an idirghnéasach do dhúlagar, imní agus strus le rannpháirtithe trasinscneacha agus déghnéasacha ina dhiaidh sin.
- Thuairiscigh trian (34%) de rannpháirtithe LADT stair saoil d'fhéindochar, i staidéar náisiúnta, arbh ionann é agus ardú ar an 27% sa tuairisc roimhe sin do dhaonra LADT na hÉireann (Mayock et al. 2009). Thuairiscigh beagnach leath acu seo (45.6%) go raibh siad i mbun féindochar le bliain anuas, agus dúirt beagnach 60% gur bhain an féindochar lena n-aitheantas LADTI agus iad ag iarraidh go nglacfadh daoine eile sa tsochaí leo.
- Maidir le mí-úsáid substaintí, léirigh díreach os cionn 40% de scór INIÚCHTA na rannpháirtithe leibhéal éigin d'fadhb le halcól. I dtéarmaí mí-úsáid drugaí neamhdhleathacha, cé nár thuairiscigh 27% den daonra i gcoitinne gur bhain siad úsáid as aon drugaí neamhdhleathacha ag tráth ar bith ina saol (an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí 2011), bhain díreach os cionn leath i sampla staidéir LGBTIreland triail as drugaí ar bhonn caitheamh aimsire le linn a saoil (55.9%; n=1,095). Bhí an ráta forleithne saoil d'aon drugaí neamhdhleathacha sa daonra i gcoitinne is ísle i measc an aoischohórt is óige de 15-24 (27%) (an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí 2011), cé, sa staidéar seo, gur bhain 49.9% de na rannpháirtithe in aois 14-25 triail as drugaí ar bhonn caitheamh aimsire.

Maidir le taithí:

- Thuairiscigh thart ar aon cheathrú de na rannpháirtithe 14-18 bliain d'aois (23.6%) agus 19-25 bliain d'aois (23.2%) gur chaill siad scoil ar mhaithe le drochíde a bhaineann le bheith LADTI a sheachaint. Bhí an fhorleithne is ísle bulaíochta freisin do choláiste/ollscoil (15.2% i gcomparáid le 17.4% don ionad oibre agus 47.5% don scoil).
- Tugann torthaí staidéir le fios go bhfuil eachtraí íospartha, idirdhealaithe agus ciapadh lasmuigh den scoil á mbrath ag daoine LADTI i gcónaí: Thuairiscigh 75.2% gur gortaíodh iad le híde béil le linn a saoil, agus thuairiscigh thart ar aon chúigiú de na rannpháirtithe go ndearnadh ionsaithe fisiciúla orthu mar gheall go raibh siad LADTI.

Maidir le haitheantas:

- Tugann torthaí an staidéir le fios go bhféadfadh mífhaisnéis a bheith sa réimse poiblí maidir le gnéaschlaonadh agus le féiniúlacht inscne. Níor chreid breis is aon trian de rannpháirtithe (34%) go bhféadfadh gnéaschlaonadh a bheith ar eolas ag duine in

aois chomh hóg le 12, nach bhfuil ar an dearcadh céanna le torthaí mhodúil a haon, is é sin gur 12 bliain d'aois an aois is coitianta a bhíonn duine ar an eolas maidir lena ngnéaschlaonadh. Chomh maith leis sin, féachann sé go gcreideann cion beag ach cion suntasach i gcónaí go bhfuil LAD deonach, neamhbhuan agus gur féidir é a chur faoi smacht, mar a chreid 25% de na rannpháirtithe gurbh ionann agus rogha é LAD, rud éigin gur féidir a chur ina luí ar dhuine a bheith (17%), agus go bhféadfadh foghlaim maidir le saincheisteanna LADT ar scoil a chur ina luí ar dhuine óg go bhfuil siad LADT nó go dteastaíonn uathu triail a bhaint as (27%). Tá dídhlisteanú déghnéasacht follasach freisin tráth a gcreideann 19% de na rannpháirtithe gur díreach mearbhall atá ar dhaoine déghnéasacha maidir lena ngnéaschlaonadh.

Aithnítear nó dírítear i bPáipéar 2014 ar Thuismitheoireacht i Soláthar Díreach, Final_Ogbu_et_al.docx (live.com) (Uchechukwu Ogbu, H., Brady, B. & Kinlen, L.) ar shaincheisteanna

Maidir le Cás:

- Bhain an beartas maidir le Scaipeadh agus le Soláthar Díreach, atá le scor in 2024, incháilitheacht de lucht iarrtha tearmainn ó thaobh iarratas a dhéanamh ar shochair shóisialta príomhshrutha agus bhí córas cóiríochta scaipthe 'gan aon rogha' mar thoradh air. Faoi láthair tá seacht mbliana nó níos faide caite ag 13% de lucht iarrtha tearmainn laistigh den chóras agus tá trí bliana nó níos faide caite ag 68% de lucht iarrtha tearmainn laistigh den chóras.
- Bíonn tionchar ag droch-mheabhairshláinte ar thuismitheoirí agus ar leanaí araon mar gheall ar an strus a bhaineann lena gcuid imthosca.
- Níl ar chumas leanaí atá níos sine cur lena gcuid oideachais nó fostaíocht a lorg.

Maidir le taithí:

- Bíonn drochthionchar ag Scaipeadh agus ag Soláthar Díreach ar fheidhmiú teaghlaigh agus ar fhorbairt an linbh. Ag maireachtáil i spás atá plódaithe agus cúng gan aon rochtain nó fíorbheagán rochtain ar spás chun tabhairt faoi staidéar agus ar spás do chaitheamh aimsire. Mothaíonn tuismitheoirí nach bhfuil ar a gcumas freastal ar riachtanais cothaithe a leanaí agus níl ar a gcumas bia a bhaineann lena gcúlra cultúir a chócaráil dá leanaí. Níl ar chumas tuismitheoirí freastal ar na hionchais a d'fhéadfadh a bheith ag a gcuid leanaí, lena n-áirítear, gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúir. De réir mar a éiríonn leanaí níos sine, bíonn na difríochtaí idir iad féin agus a gcuid cairde níos follasaí agus bíonn cailliúint deiseanna sóisialta mar thoradh air. Fásann na leanaí aníos gan aon fhéinmheas agus easpa dearbhaithe.

Aithnítear i dtionscadal taighde 2022, Ag Déileáil le Géarchéim Taithí mhaireachtála agus foghlama dhaoine óga imeallaithe le linn COVID-19, faoi stiúir OÉ Gaillimh, agus dírítear ar shaincheisteanna cáis, taithí agus aitheantais do dhaoine óga

Maidir le cás:

- Tá taithí faighte ag daoine óga ar an gcur isteach thar na bearta a bhí ag scaipeadh COVID-19 ar a gcuid oideachais, le tionchar suntasach go hacadúil, go sóisialta agus go forbartha agus ó thaobh meabhairshláinte.

Maidir le taithí:

- Bhí daoine óga dubh dóite, uaigneach, le taithí neamhchinnteacht le linn phaindéim COVID 19. Bhain costais soch-mhothúchánach agus forbartha le haonrú.
- Bhí daoine óga ar an eolas maidir leis an dioscúrsa an 'locht a chur ar dhaoine óga' agus cé gur mhothaigh siad go raibh an ceart ag daoine maidir leis an dearcadh seo, mar go raibh go leor nach raibh ag cloígh leis na srianta, mar sin féin, bhí siad den tuairim nár cheart an locht a chur ar na daoine óga go léir.

Maidir le haitheantas:

- Bhí taithí daoine óga ar chianfhoghlaim difriúil mar gheall ar a n-imthosca socheacnamaíocha le cailliúint foghlama mar shaincheist ar leith do ghrúpaí imeallaithe.

Rinne an tionscadal céanna taighde ar Dhearcadh Tuismitheoirí ar Mhaireachtáil agus ar Fhoghlaim ar a gcuid leanaí le linn COVID 19, inar aithníodh agus inar díríodh ar shaincheisteanna cáis do

Maidir le Cás:

- I gcomhthéacs COVID-19, chuaigh na strusairí a bhí i ndán do chumas tuismitheoirí maidir le maireachtáil le dianghlasáil agus le 'scolaíocht ag baile' ar mhaithe le tacú le riachtanais leanaí agus ógánach mar gheall ar bhrúnna airgeadais, saincheisteanna mothúchánacha, athruithe forbraíochta sa duine óg agus saincheisteanna iompair, in olcas.
- Léirigh go leor tuismitheoirí údar imní maidir le cailliúint foghlama.
- Is mó seans nach mbeadh rochtain leordhóthanach ag teaghlaigh ó phobail imeallaithe ar an teicneolaíocht, na scileanna teicneolaíochta agus ar na spásanna staidéir a bhí riachtanach nó nach raibh siad in ann an leibhéal tacaíochta oideachais a bhí riachtanach a chur ar fáil dá gcuid leanaí i dtéarmaí tacaíochtaí díreacha.

Maidir le taithí:

- Thuig tuismitheoirí go raibh daoine óga ag cailliúint amach ar an saol lasmuigh den teaghlach agus ar idirghníomhaíochtaí sóisialta agus ní raibh na daoine óga chomh spreagtha is ba chóir dóibh a bheith ó thaobh rannpháirtíocht sa scolaíocht ar líne.

**Foinsí Tuarascálacha agus Aighneachtaí Áitiúla**

Aithnítear i Sonraí maidir le Próifíl Cheantar Pobal do Ghaillimh agus dírítear ar shaincheisteanna.

Maidir le cás:

- Ag leibhéal Ceantar Beag, tá líon mór ceantair a thagann laistigh de bhanda Míbhuntáiste le Scór Díothachta idir -10 agus -20. Ar an iomlán tá 28 Ceantar Beag atá aicmithe faoi mhíbhuntáiste i gCathair na Gaillimhe, le 10 gcinn acu sin i dToghroinn an Bhaile Bháin.
- Léirítear i bhfigiúirí DSP don 22 Aibreán, 2022 dífhostaíocht náisiúnta ag 4.8% agus an 22 Aibreán, 2022 bhí 4,389 duine ar an mbeochlár i nGaillimh.

Aithnítear agus dírítear ar shaincheisteanna cáis, taithí agus aitheantas do dhaoine óga i Planet Youth County Report Galway 2020, Thascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiún an Iarthair.

Maidir le cás:

- Stádas Sláinte. Thuairiscigh 56% de dhéagóirí go raibh tionchar diúltach ag COVID-19 ar a meabhairshláinte; thuairiscigh 60% go raibh siad níos uaigní. Thuairiscigh 45% de dhéagóirí go raibh tionchar diúltach ag COVID-19 ar a bhfolláine coirp. Rátálann líon níos airde de dhéagóirí a bhfolláine coirp mar a bheith go dona nó thar a bheith go dona i gcomparáid leis na freagróirí i suirbhé 2018. Measann líon níos mo déagóirí go bhfuil a meabhairshláinte go dona nó go han-dona i gcomparáid leis na freagróirí i suirbhé 2018.
- Ceanglaítear úsáid mheáin shóisialta ar feadh ceithre huaire an chloig nó níos mó le rátaí níos airde imní, dúlagar, féinmheas íseal agus is mó seans go bhfaigheann na daoine óga an obair scoile deacair agus go bhfaigheann siad níos lú ná ocht n-uaire a chloig codlata.
- Cruthaíonn easpa clubanna óige ceantar-bhunaithe don uile aois bacainní i leith daoine óga atá i mbaol níos airde.
- D'fhéadfadh sé go gciallódh deiseanna laghdaithe maidir le ham caitheamh aimsire atá struchtúrtha do dhaoine óga go mbeadh daoine óga ag fánaíocht ar na sráideanna agus go mbeadh níos mó seans ann go n-úsáidfidís cannabas.

Maidir le taithí:

- Thuairiscigh 38% de chailíní agus 24% de bhuachaillí go ndearnadh bulaíocht orthu ar líne. Níl mórán seans ann go mbeadh daoine óga nach ndearnadh bulaíocht orthu riamh ar líne i mbun féindochar; tá cúig uaire níos mó seans ann nó níos mó gur thug siadsan a ndearnadh bulaíocht orthu ar líne faoin féindochar uair amháin nó níos mó.
- Is mó seans go n-éileofar ar chailíní seachas ar bhuachaillí íomhánna gnéasacha follasacha díobh féin a sheoladh trí na meáin shóisialta, agus go roinnfear íomhánna gnéasacha follasacha díobh féin gan cead uathu.
- Cuireann noirm shóisialta a bhaineann le húsáid substaintí déagóirí i mbaol níos mó ó mhí-úsáid alcóil agus substainte.

Maidir le haitheantas,

- Thuairiscigh 47% de chailíní nach raibh siad rannpháirteach riamh sa spórt lasmuigh den scoil le club nó foireann, i gcomparáid le 38% de bhuachaillí. Thuairiscigh 83% de bhuachaillí nach raibh siad rannpháirteach riamh sa cheol, drámaíocht, sna healaíona nó sa rince, i gcomparáid le 60% de chailíní.

Comhlánaithe le tacaíocht ó Niall Crowley, Value Labs.